AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.9.2013
COM(2013) 620 final

2013/0307 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú

{SWD(2013) 321 final}
{SWD(2013) 322 final}
{SWD(2013) 323 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Speicis choimhthíocha ionracha (SCInna), sin speicis a iompraítear ar dtús trí bhearta daoine lasmuigh dá raon nádúrtha thar bhacainní éiceolaíocha, agus ansin a mhaireann, a dhéanann atáirgeadh agus a leathann agus a mbíonn tionchar diúltach acu ar éiceolaíocht a suímh nua chomh maith le hiarmhairtí tromchúiseacha eacnamaíocha agus sóisialta. Meastar go bhfuil os cionn 10-15 % den 12 000 speiceas coimhthíoch atá le fáil i dtimpeallacht na hEorpa tar éis atáirgeadh agus leathadh, rud faoi deara damáiste eacnamaíoch, sóisialta agus don chomhshaol.

Tá tionchar suntasach ag SCInna ar an mbithéagsúlacht. Tá SCInna ar cheann de mhórchúiseanna an chaillteanais bhithéagsúlachta agus díobhaidh speiceas, agus is ag fás atá siad Maidir le tionchar sóisialta agus eacnamaíoch, is féidir le SCInna a bheith ina n-iompróirí galar nó ina gcúis le fadhbanna sláinte go díreach (e.g. asma, deirmitíteas agus ailléirgí). Is féidir leo damáiste a dhéanamh do shaoráidí bonneagair agus áineasa, bac a chur ar fhoraoiseacht nó bheith ina gcúis le caillteanas talmhaíochta, gan ach cúpla sampla a lua. Meastar go gcosnaíonn SCInna ar a laghad EUR 12 billiún sa bhliain ar an Aontas agus tá costas an damáiste ag ardú leis.

Leis an Straitéis Bhithéagsúlachta 2020, ghabh an tAontas air féin stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta faoi 2020, ag teacht leis na tiomantais idirnáisiúnta arna nglacadh ag na páirtithe sa Choinbhinsiún um Éagsúlacht Bhitheolaíoch in 2010 i Nagoya, an tSeapáin. Go deimhin, níl fadhb na SCInna teoranta don Eoraip, ach tá sí le fáil ar fud an domhain. Murab ionann agus roinnt dá chomhpháirtithe trádála, tá creat cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí a eascraíonn as SCInna in easnamh ar an Aontas Eorpach faoi láthair.

Creat rialála

Faoi láthair níl aon chreat AE ann chun dul i ngleic go cuimsitheach le SCInna. Ní mór an méid reachtaíochta AE a thugann aghaidh ar na SCInna. Oibreáin galar agus lotnaidí ainmhithe agus plandaí agus a dtáirgí, is iad an córas sláinte ainmhithe (rialacháin agus treoracha éagsúla) agus an córas folláine plandaí (2000/29/CE), faoi seach, a chumhdaíonn iad. Cuireann an Rialachán maidir le Trádáil Fiadhúlra (338/97) srian le hallmhairí de speicis atá i mbaol, lena n-áirítear allmhairí de sheacht gcinn de SCInna. Tugann an Rialachán maidir le húsáid na speiceas coimhthíoch agus speiceas atá as láthair go háitiúil sa dobharshaothrú (708/2007) aghaidh ar scaoileadh speiceas coimhthíoch chun críocha dobharshaothraithe. Téann na rialacháin maidir le táirgí cosanta plandaí (1107/2009) agus maidir le bithicídí (528/2012) i ngleic le scaoileadh beartaithe miocrorgánach mar tháirgí cosanta plandaí nó mar bhithicídí faoi seach. Mar fhocal scoir, éilíonn an Treoir maidir le hÉin (2009/147/CE) agus an Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE), an Creat-Treoir Uisce (2000/60/CE) agus an Creat-Treoir um Straitéis Mhuirí (2008/56/CE) dálaí éiceolaíocha a athchóiriú agus tagraíonn siad don ghá SCInna a chur san áireamh. Mar sin féin, fágann gníomhaíocht an Aontais faoi láthair an chuid is mó de na SCInna gan dul i ngleic leo.

Tá na Ballstáit ag glacadh roinnt beart chun dul i ngleic leis na SCInna, ach bíonn bearta den sórt sin frithghníomhach den chuid is mó, agus iad ag iarraidh an damáiste a tharla cheana féin a íoslaghdú gan dóthain airde a thabhairt ar chosc nó ar bhagairtí nua a bhrath agus a fhreagairt. Bíonn na hiarrachtaí ilroinnte, agus bearnaí suntasacha i gcumhdach na speiceas, agus is minic a bhíonn droch-chomhordú ann. Ní bhíonn meas ag na SCInna ar theorainneacha agus is éasca a scaipeann siad ó Bhallstát go Ballstát. Dá bhrí sin, ní bheidh beart ar an leibhéal náisiúnta dóthanach leis an Aontas a chosaint ó bhagairt SCInna áirithe. Thairis sin, bíonn de thoradh ar an gcur chuige ilroinnte sin go mbaineann easpa

gníomhaíochta i mBallstáit áirithe an bonn den ghníomhaíocht i mBallstát comharsanachta. Thairis sin, tá srianta éagsúla ar thráchtálú na SCInna idir na Ballstáit an-neamhéifeachtúil, toisc gur furasta speicis a iompar nó a leathadh thar theorainneacha ar fud an Aontais. Thairis sin, tá toirmisc dhifreáilte den sórt sin ag cur isteach ar shaorchúrsaíocht earraí sa mhargadh inmheánach agus ag cur isteach ar chothrom iomaíochta d'earnálacha a úsáideann nó a thrádálann i speicis choimhthíocha.

Anailís na faidhbe

Trí dhá bhealach ina bhfuil na SCInna á dtabhairt isteach san Aontas: 1) tá roinnt speiceas coimhthíoch atá inmhianaithe agus atá á dtabhairt isteach san Aontas go beartaithe (e.g. leasanna tráchtála, chun críocha maisithe, ainmhithe coimhdeachta, rialú bitheolaíoch); 2) tá roinnt speiceas coimhthíoch a thugtar isteach go neamhbheartaithe mar éilleáin in earraí (trádáil i dtráchtearraí eile), mar shíobairí nó folachánaithe i bhfeithiclí nó i gcoimeádáin, nó is féidir le taistealaithe iad a iompar i ngan fhios dóibh féin. Is féidir le roinnt SCInna taisteal freisin tríd an mbonneagar iompair (e.g. canáil na Danóibe-Mainz).

Bíonn tionchar ag SCInna ar **ghnólachtaí, saoránaigh, údaráis phoiblí agus ar an gcomhshaol.** I gcás fiontar beag agus micrifhiontar go háirithe, is minic a bhíonn tionchar ag SCInna ar tháirgeoirí tosaigh i réimse na talmhaíochta, i bhfeirmeoireacht ainmhithe, iascaigh, dobharshaothrú agus foraoiseacht, agus go mbíonn damáiste eacnamaíoch suntasach mar thoradh orthu. Is minic tionchar freisin ar ghnólachtaí a bhíonn nasctha le gníomhaíochtaí turasóireachta agus áineasa, a bhraitheann ar thírdhreacha fíorghlana, uisce glan agus éiceachórais shláintiúla. Mar sin féin, tá fiontair bheaga agus micrifhiontair eile, e.g. trádálaithe in ainmhithe coimhdeachta agus speicis gairneoireachta, a bhaineann sochair as SCInna mar díríonn siad go príomha ar an trádáil i speicis choimhthíocha. Bíonn tionchar ag SCInna freisin ar an **tsochaí i gcoitinne**, iad faoi deara cailliúint na bithéagsúlachta agus ag cur isteach ar chumas na n-éiceachóras seirbhísí éiceachórais a sholáthar. Thairis sin, is féidir leo galair a scaipeadh, damáiste a dhéanamh do mhaoin agus tionchar a imirt ar an oidhreacht chultúrtha.

Tá fadhbanna ag na Ballstáit uile de dheasca SCInna. Cé go mbíonn tionchar ag roinnt SCInna ar fhormhór na mBallstát, ní fadhb iad cinn eile ach i réigiúin áirithe, nó faoi dhálaí áirithe éiceolaíocha nó aeráide. Mar sin féin, bíonn SCInna ar a gcríocha ag na Ballstáit go léir. Tá tionchair na SCInna ábhartha don Aontas ina iomláine agus beidh tionchair ag SCInna ar na Ballstáit go léir go cothrom, cé gur ag amanna éagsúla agus trí speicis éagsúla a imrítear an tionchar sin. Is léir mar sin go dtairbheodh beart comhordaithe le dul i ngleic le SCInna na Ballstáit go léir, ach go n-éileodh sí iarrachtaí ar gach ceann acu.

Mura nglactar aon bheart chun dul i ngleic leis an bhfadhb, is measa a éireoidh sí agus SCInna nua á mbunú féin agus iad siúd atá bunaithe cheana féin ag leathadh tuilleadh. Mar thoradh air sin beidh méadú ar chostais damáiste agus ar chostais bhainistíochta.

Cuspóirí an togra

Is é is cuspóir don togra seo dul i ngleic leis na saincheisteanna a luadh thuas trí chreat le haghaidh gníomhaíochta a bhunú, chun tionchar diúltach SCInna ar an mbithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais a chosc, a íoslaghdú agus a mhaolú. Ina theannta sin, beidh faoi damáiste sóisialta agus eacnamaíoch a theorannú. Bainfear é sin amach trí bhearta chun beart comhordaithe a áirithiú, acmhainní a dhíriú ar speicis tosaíochta agus ar bhearta coisctheacha a mhéadú, i gcomhréir le cur chuige an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus le córais folláine plandaí agus sláinte ainmhithe an Aontais. Go praiticiúil, féachann an togra leis na cuspóirí sin a bhaint amach trí bhearta a théann i ngleic le tabhairt isteach beartaithe SCInna san Aontas agus a scaoileadh isteach sa timpeallacht go beartaithe,

le tabhairt isteach agus scaoileadh SCInna go neamhbheartaithe, leis an ngá córas luathrabhaidh agus mearfhreagartha a chur ar bun, agus leis an ngá chun leathadh na SCInna ar fud an Aontais a bhainistiú.

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Próiseas comhairliúcháin.

In 2008, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht *'I dtreo Straitéise AE maidir le Speicis Ionracha (2008)*' ina leagtar amach an cás chun dul i ngleic le SCInna. Molann Teachtaireacht 2010 *'Ár n-árachas saoil, ár gcaipiteal nádúrtha: straitéis bhithéagsúlachta AE go dtí 2020'* beart i ndáil leis na SCInna. Rinneadh comhairliúcháin chríochnúla roimh an dá Theachtaireacht agus ina ndiaidh.

Eagraíodh sraith dianbhabhtaí comhairliúchán le páirtithe leasmhara idir 2008 agus 2012, a mheall speictream iomlán na bpáirtithe leasmhara, idir eagraíochtaí caomhnaithe dúlra agus oibreoirí san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) agus a bhraitheann ar speicis choimhthíocha dá ngnó. Rinneadh comhairliúchán poiblí ar líne in 2008 agus an dara ceann in 2012. Tháinig meitheal le chéile in 2008 ina raibh ranna den Choimisiún, na Ballstáit, páirtithe leasmhara agus lucht acadúil agus cuireadh plépháipéar[1] amach ina dhiaidh inar tugadh le chéile an fhaisnéis is déanaí agus inar tugadh achoimre ar thuairimí ar na príomhcheisteanna. Ansin tugadh an Mheitheal sin le chéile arís agus atheagraíodh i dtrí mheitheal in 2010-2011 í, meithleacha a tharraing suas na roghanna beartas féideartha le dul i ngleic le cosc, luathrabhadh/mearfhreagairt agus bainistiú na speiceas faoi seach. Ar deireadh, tionóladh cruinniú comhairliúcháin le páirtithe leasmhara i Meán Fómhair 2010.

Thacaigh staidéir sheachtracha éagsúla agus taighde le hobair an Choimisiúin ar SCInna freisin[2]. Ina theannta sin, bhí an anailís atá leagtha amach sa mheasúnú tionchair bunaithe ar shonraí láidre eolaíocha, a fuarthas den chuid is mó ó ailt a raibh piarmheasúnú eolaíoch déanta orthu. Chuir na Ballstáit faisnéis ar chostas an damáiste ar fáil, ar leathadh speiceas agus ar na costais a bhaineann leis na bearta atá i bhfeidhm freisin, nó rinne siad seiceáil orthu sin. Rinneadh iarrachtaí speisialta dul i dteagmháil go díreach le páirtithe leasmhara na saincheiste sin, lena n-áirítear na hearnálacha sin a d'fhéadfaí a bheith faoi thionchar diúltach de dheasca na mbeart a thabharfaí isteach chun dul i ngleic le fadhb na SCInna. Ar deireadh, bhain an anailís tairbhe freisin as ionchur na saineolaithe SCInna is fearr ar domhan laistigh agus lasmuigh den Aontas.

Measúnú tionchair

Aithníodh roghanna éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar cheist na SCInna, agus go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar gach gné den fhadhb a aithníodh, ach le leibhéal difriúil uaillmhéine.

Bunaithe ar aiseolas ón gcomhairliúchán, aithníodh roinnt leibhéal uaillmhéine agus idirghabhála do gach ceann de na cuspóirí oibriúcháin a roghnaíodh trí anailís a dhéanamh ar an bhfadhb, rud a thug fo-roghanna éagsúla maidir le dearadh na hionstraime reachtaí. Scagadh tosaigh ba chúis le fo-roghanna nach raibh indéanta, nó nach raibh chomh héifeachtach le cinn eile, a chur ar leataobh. I gcás gach rogha a aithníodh, tugadh aghaidh ar

[1] http://www.acceptance.ec.europa.eu/environment/nature/invasivealien/docs/ias_discussion_paper.pdf.

[2] Tá fáil ar na staidéir uile ó http://ec.europa.eu/environment/nature/invasivealien/index_en.htm.

gach ceann de na cuspóirí oibríochtúla go córasach, agus moladh bearta praiticiúla chun dul i ngleic leis na SCInna.

Chomh maith leis an rogha bhunlíne (rogha 0), a choimeádfadh an *status quo* ar bun, aithníodh na roghanna seo a leanas:

Rogha 1 - Comhar a fheabhsú agus tacú le gníomhaíocht dheonach: San áireamh anseo bheadh treoirlínte, cóid chleachtais de réir earnála agus feachtais ardaithe feasachta agus oideachais eile a fhorbairt. D'fhéachfadh an rogha seo freisin le comhar idir na Ballstáit a chothú chun córas luathrabhaidh agus mearfhreagartha a bhunú. D'fhéadfadh an Coimisiún tionscnaimh atá ann cheana sa réimse seo a chur chun cinn trí fheachtais chumarsáide.

Rogha 2.1 – Bun-ionstraim reachtach: Cuimsíonn sé seo sraith oibleagáidí dlíthiúla a thoirmeascann SCInna áirithe a liostaítear mar SCInna is ábhar imní don Aontas a allmhairiú, a choimeád, a dhíol, a cheannach agus a mhalartú. Dhéanfaí oibleagáidí breise a nascadh le SCInna is ábhar imní don Aontas a scaoileadh isteach sa timpeallacht, mearfhreagairt ar SCInna nuabhunaithe is ábhar imní don Aontas agus SCInna is ábhar imní don Aontas atá leata go fairsing a bhainistiú.

Rogha 2.2 – Bun-ionstraim reachtach + ceadanna le SCInna is ábhar imní do Bhallstáit a scaoileadh: Rachadh an rogha seo thar an liosta SCInna is ábhar imní don Aontas le scaoileadh isteach sa timpeallacht, trí cheadanna do SCInna is ábhar imní le Ballstáit a éileamh.

Rogha 2.3 – Bun-ionstraim reachtach + cosc dian ginearálta ar scaoileadh na speiceas coimhthíoch, ach amháin má fuarthas iad a bheith sábháilte: Rachadh an rogha seo thar an liosta SCInna is ábhar imní don Aontas le scaoileadh isteach sa timpeallacht trí scaoileadh aon speicis choimhthígh a thoirmeasc mura mbeidís ar liosta Aontais de speicis choimhthíocha atá ceadaithe le scaoileadh.

Rogha 2.4 – Bun-ionstraim reachtach + oibleagáid SCInna nuabhunaithe is ábhar imní don Aontas a dhíothú go tapa: Faoin rogha seo, maidir le mearfhreagairt, ní bheadh rogha ag na Ballstáit, ach bheadh oibleagáid orthu aon SCInna nuabhunaithe is ábhar imní don Aontas a dhíothú go tapa agus faisnéis a roinnt. Is féidir maoluithe má cheadaíonn an Coimisiún iad.

Coimeádadh rogha 2.4 agus tá méid suntasach de sa togra seo.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Bunús Dlí

Is é is bunús dlí don togra seo Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, le cuspóirí an AE a chur chun feidhme maidir le cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú, sláinte an duine a chosaint, úsáid stuama, réasúnta acmhainní nádúrtha a bhaint amach, bearta a chur chun cinn a bhaineann le fadhbanna réigiúnacha nó domhanda maidir leis an gcomhshaol.

Coimhdeacht

Is gá beart ar leibhéal an Aontais toisc go bhfuil fadhbanna SCInna ag méadú agus gur fadhbanna trasteorann iad. I bhfianaise na heaspa gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais, tá bearta á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun dul i ngleic leis an bhfadhb ar an leibhéal náisiúnta. Tá siad ag infheistiú acmhainní agus iarrachtaí le SCInna díobhálacha a dhíothú ach is féidir an bonn a bhaint de na hiarrachtaí sin de dheasca easpa gníomhaíochta i mBallstát

comharsanachta ina bhfuil an speiceas i láthair freisin. Chomh maith céanna, níl aon bheart comhordaithe Aontais lena áirithiú go nglacfaidh Ballstáit bearta prasa chun leasa na mBallstát eile nach bhfuil tionchar orthu fós nuair a thagann SCInna isteach san Aontas ar dtús. Ina theannta sin, ní mór cosaint an mhargaidh inmheánaigh - agus saorchúrsaíocht earraí - a chur san áireamh. Cinnteoidh cur chuige comhordaithe soiléireacht dhlíthiúil agus cothrom iomaíochta do na hearnálacha sin a bhíonn ag úsáid nó ag trádáil speiceas coimhthíoch, agus ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh i ngeall ar shrianta éagsúla ar thráchtálú SCInna idir na Ballstáit a sheachaint.

Tá na hiarrachtaí reatha an-ilroinnte agus neamh-chomhsheasmhach, agus fágann siad bearnaí suntasacha sna beartais. Is cúis iadsan le neamhéifeachtúlacht agus ní réitíonn siad fadhb na SCInna. Beidh gá le meascán de bhearta Aontais agus de bhearta náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. Mar sin féin, méadóidh cur chuige comhtháite ar leibhéal an Aontais éifeachtacht na mbeart.

Treoirphrionsabail

Cuireann an togra chun cinn bearta atá bunaithe ar na treoirphrionsabail seo a leanas:

Tosaíocht - Tá os cionn 12 000 speiceas coimhthíoch san AE, agus tá 10 go 15 % acu ag déanamh damáiste (rud a chiallaíonn 1200-1800 speicis choimhthíocha ionracha) agus bíonn cinn nua ag teacht isteach i gcónaí. Tá go leor scóipe do chur chuige tosaíochta, comhréireach, a thógfaidh ar iarrachtaí a rinneadh cheana agus a mhéadóidh éifeachtacht agus éifeachtúlacht an bhirt reatha.

Bogadh i dtreo an choisc - Aithnítear an cosc go hidirnáisiúnta mar an bealach is éifeachtaí le fadhb na SCInna a sheachaint. Fara bearta a dhíríonn ar chosc beidh gá le córas luathrabhaidh éifeachtach le gníomhú go pras faoi na speicis á éalaíonn ó na bearta coisc.

Ag tógáil ar na córais atá ann cheana féin - Tá obair luachmhar á déanamh cheana féin san Aontas ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Tá faoin togra seo éifeachtúlacht an chórais a uasmhéadú agus lánúsáid a bhaint as a bhfuil ann cheana féin.

Cur chuige de réir a chéile, céimnithe -- Ní mór deimhneacht dhlíthiúil agus dearbhú maidir le méid agus costais na mbeart a mbeidh súil leo uathu do na Ballstáit. Dá bhrí sin, áirítear sa togra seo tosaíocht do speicis choimhthíocha ionracha atá bunaithe ar chritéir liostála an-dian, chomh maith le huasteorannú tosaigh ar líon na speiceas tosaíochta don 3 % tosaigh de thart ar 1500 speiceas coimhthíoch ionrach san Eoraip. Thairis sin, ceadóidh clásal athbhreithnithe an córas a fhorbairt go comhleanúnach agus tógáil ar an taithí a fuarthas. Ní bheidh aon leathnú ar liosta na speiceas is ábhar imní don AE go dtí tar éis an athbhreithnithe sin.

Struchtúr an togra

Caibidil I -- Forálacha ginearálta. Leagtar amach sa roinn seo ábhar, raon feidhme agus oibleagáid bhunúsach an togra. Soláthraíonn sé freisin na huirlisí le tosaíocht a thabhairt do na SCInna is ábhar imní don Aontas le go gcuirfear acmhainní an Aontais ar fáil in ord tosaíochta ar bhonn riosca agus na fianaise eolaíche.

Caibidil II – Cosc. Leagtar amach sa roinn seo na bearta is gá chun cosc a chur le hSCInna a thabhairt isteach san Aontas nó iad a scaoileadh sa timpeallacht.

Caibidil III - luathbhrath díothú tapa. Leagann an roinn seo amach na huirlisí chun a áirithiú go bhféadfar SCInna is ábhar imní don Aontas a bhrath go luath sa timpeallacht, agus ag teorainneacha an Aontais agus tugann sí tuairisc ar na bearta a spreagtar nuair a bhraitear na SCInna sin.

Caibidil IV – Bainistiú ar SCInna atá leata go fairsing. Leagann an roinn seo amach na hoibleagáidí atá riachtanach chun dul i ngleic le hSCInna is ábhar imní don Aontas atá i láthair san Aontas cheana féin nó le cinn nua a d'éalaigh ó na bearta um chosc agus na bearta um luathbhrath agus ar éirigh leo leathadh go fairsing.

Caibidil IV -- Forálacha críochnaitheacha. Leagtar amach sa roinn seooibleagáidí tuairiscithe agus na huirlisí dlí is gá chun cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú na mbeart atá beartaithe a áirithiú.

4. IMPLEACHT BUISÉADACH

Ní bheidh ach roinnt impleachtaí airgeadais teoranta a bheidh le maoiniú faoi Cheannteideal 5 den Chreat Maoinithe Ilbhliantúil 2014-2020 don Choiste faoi Airteagal 22. Féach Fiche Airgeadais atá i gceangal leis seo.

2013/0307 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3]

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[4],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ní hábhar imní i gcónaí go dtagann speicis choimhthíocha, cibé acu ainmhithe, plandaí, fungais nó miocrorgánaigh, go háiteanna nua. Mar sin féin, is féidir le fothacar sonrach de speicis choimhthíocha éirí ionrach agus tionchar díobhálach tromchúiseach a bheith aige ar bhithéagsúlachta agus sheirbhísí éiceachórais, chomh maith le tionchair eacnamaíocha agus sóisialta eile, ar cheart a chosc. Tá thart ar 12 000 speiceas sa timpeallacht san Aontas agus i dtíortha eile na hEorpa atá coimhthíoch, agus meastar thart ar 10 go 15% acu a bheith ionrach.

(2) Tá speicis choimhthíocha ionracha ar cheann de na bagairtí príomhúla ar bhithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais, go háirithe in éiceachórais atá iargúlta go geografach agus ó thaobh éabhlóide, amhail oileáin bheaga, agus is féidir gur mó an baol a bhaineann le speicis den sórt sin i ngeall ar mheadú a theacht ar thrádáil domhanda, iompar, turasóireacht agus athrú aeráide.

(3) Is féidir leis an mbagairt ar bhithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais a thagann ó speicis choimhthíocha ionracha a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, mar shampla dul i gcion go mór ar speicis dhúchasacha agus struchtúr agus feidhm éiceachóras trí athrú gnáthóg, creachóireacht, iomaíocht, tarchur galar, dí-áitiú na speiceas dúchasach ar fud céatadáin shuntasaigh raoin agus éifeachtaí géiniteacha trí hibridiú. Ina theannta sin, is féidir le speicis choimhthíocha ionracha tionchar suntasach diúltach a imirt ar shláinte an duine agus ar an ngeilleagar freisin. Níl

[3] IO, tag
[4] IO, tag

ach eiseamail bheo, nó codanna atá in ann atáirgeadh, ina mbagairt do bhithéagsúlachta agus seirbhísí éiceachórais, do shláinte an duine nó don gheilleagar.

(4) Tá an tAontas, mar pháirtí don Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, arna fhormheas le Cinneadh 93/626/CEE ón gComhairle[5] faoi cheangal ag na forálacha in Airteagal 8(h), faoina ndéanfaidh na Páirtithe, chomh fada agus is féidir agus de réir mar is iomchuí, 'cosc a chur ar thabhairt isteach na speiceas coimhthíoch a bhagraíonn ar éiceachórais, gnáthóga nó speicis nó iad a rialú nó a dhíothú'.

(5) Tá an tAontas, mar pháirtí don Choinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Bern), arna fhormheas le Cinneadh 82/72/EEC ón gComhairle[6], tar éis tabhairt faoi gach beart iomchuí chun caomhnú ghnáthóga na speiceas fauna agus flora fiáine a áirithiú.

(6) Ba cheart é a bheith de phríomhchuspóir ag an Rialachán seo éifeachtaí díobhálacha speiceas coimhthíoch ionrach ar bhithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais a chosc, a íoslaghdú, a mhaolú, chomh maith lena dtionchar eacnamaíoch agus sóisialta a laghdú, chun tacú le cuspóirí na dTreoracha seo a leanas a bhaint amach – Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú[7], Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú[8], Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Comhphobail i réimse an bheartais chomhshaoil mhuirí (Creat-Treoir um Straitéis Mhuirí)[9] agus Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Comhphobail i réimse an bheartais uisce[10], .

(7) Tá roinnt speiceas a théann ar imirce go nádúrtha mar fhreagra ar athruithe ar an gcomhshaol. Dá bhrí sin, níor cheart iad a mheas mar speicis choimhthíocha ina dtimpeallacht nua agus tá siad eisiata dá bhrí sin ó raon feidhme na rialacha nua maidir le speicis choimhthíocha ionracha.

(8) Ar leibhéal an Aontais, sa togra le haghaidh Rialacháin nua ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Sláinte Ainmhithe[11] tá forálacha maidir le galair ainmhithe, agus sa Rialachán nua ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí[12] tá foráil maidir le rialacha lotnaidí plandaí, agus i dTreoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach

5 IO L 309, 13.12.1993, lch. 1
6 IO L 38, 10.2.1982, lch. 1.
7 OJ L 20, 26.1.2010, p. 7.
8 IO L 206, 22.7.1992, lch. 7.
9 IO L 164, 25.6.2008, lch. 19.
10 IO L 327, 22.12.2000, lch. 1.
11 COIM(2013) 260 final
12 COIM(2013) 267 final

géinmhodhnaithe sa timpeallacht agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle[13] leagtar amach an córas is infheidhme ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe. Dá bhrí sin, ba cheart do na rialacha nua maidir le speicis choimhthíocha ionracha ailíniú seachas forluí leis na gníomhartha Aontais sin agus ní bheidh feidhm acu maidir le horgánaigh ar a ndíríonn na gníomhartha sin.

(9) Déantar foráil do rialacha maidir le speicis choimhthíocha áirithe a údarú lena n-úsáid chun críocha áirithe i Rialachán (CE) Uimh. 708/2007 an 11 Meitheamh 2007 ón gComhairle maidir le húsáid speiceas coimhthíoch agus speicis atá in easnamh go háitiúil sa dobharshaothrú[14], Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine, 2012 maidir le táirgí bithicíde a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid[15], agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE[16]. Údaraíodh úsáid speiceas áirithe cheana faoi na córais sin ag an am a tháinig na rialacha nua seo i bhfeidhm mar nach bhfuil rioscaí do-ghlactha iontu ó thaobh an chomhshaoil, shláinte an duine agus an gheilleagair. D'fhonn creat dlíthiúil comhleanúnach a áirithiú, ba cheart na speicis sin a eisiamh ó na rialacha nua mar sin.

(10) Toisc go bhfuil speicis choimhthíocha ionracha líonmhar, is tábhachtach a áirithiú go dtabharfar tosaíocht do dhul i ngleic leis an bhfo-thacar de speicis choimhthíocha ionracha a mheastar a bheith ina ábhar imní don Aontas. Ba cheart liosta de speicis choimhthíocha ionracha den sórt sin a mheastar a bheith ina n-ábhar imní don Aontas a tharraingt suas dá bhrí sin. Ba cheart a mheas gur ábhar imní don Aontas iad speicis choimhthíocha ionracha má bhíonn an damáiste arb iad is cúis leis sna Ballstáit chomh suntasach sin gur údar maith é le bearta tiomnaithe a ghlacadh a leathnaíonn a raon feidhme ar fud an Aontais, lena n-áirítear sna Ballstáit nach bhfuil faoi thionchar nó gurb ar éigean a bheidís faoi thionchar, fiú. D'fhonn a áirithiú go bhfanfaidh an fo-thacar de speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas comhréireach, ba cheart an liosta a fhorbairt ag teacht le cur chuige céimnithe, de réir a chéile, lena n-áirítear uasteorannú tosaigh ar líon na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas go dtí an chéad 3 % de thart ar 1500 speiceas coimhthíoch ionrach san Eoraip agus a bheith dírithe ar na speicis sin atá ina gcúis le damáiste mór eacnamaíoch, nó ar dócha iad a bheith ina gcúis leis sin, lena n-áirítear an damáiste ó chaillteanas bithéagsúlachta.

(11) Na critéir le speicis choimhthíocha ionracha a mheastar a bheith ina n-ábhar imní don Aontas a liostú, is iad an phríomhionstraim chun na rialacha nua seo a chur i bhfeidhm. Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall le togra le haghaidh liosta a bhunófar ar na critéir sin a chur faoi bhráid an Choiste laistigh de bhliain amháin ó theacht i bhfeidhm na reachtaíochta seo. Ba cheart a áireamh sna critéir

[13] IO L 106, 17.4.2001, lch. 1.
[14] IO L 168, 28.6.2007, lch. 1.
[15] IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.
[16] IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

measúnú riosca de bhun na bhforálacha is infheidhme faoi Chomhaontuithe na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le srian a chur le trádáil ar speicis.

(12) D'fhonn comhlíonadh rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála agus cur i bhfeidhm comhleanúnach na rialacha nua seo a áirithiú, ba cheart critéir chomhchoiteanna a bhunú chun an measúnú riosca a dhéanamh. Ba cheart do na critéir sin caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana a úsáid nuair is iomchuí agus ba cheart go gcuimseoidís gnéithe éagsúla de shaintréithe na speiceas, an riosca agus na modhanna iontrála isteach san Aontas, tionchar diúltach eacnamaíoch, sóisialta agus bithéagsúlachta na speiceas, tairbhí féideartha na n-úsáidí agus na costais a bhaineann le maolú chun iad a chur i gcomparáid leis na tionchair dhiúltacha, chomh maith le réamhaisnéis chainníochtaithe ar chostais an damáiste don chomhshaol, agus an damáiste eacnamaíoch agus sóisialta ar leibhéal an Aontais, agus an tábhacht don Aontas á léiriú, le bearta breise a dhlisteanú. D'fhonn an córas a fhorbairt de réir a chéile agus tógáil ar an taithí a fuarthas, ba cheart an cur chuige foriomlán a mheas tar éis cúig bliana.

(13) Tá roinnt ainmhithe coimhthíocha ionracha san áireamh in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil,[17], agus tá cosc ar a n-allmhairiú isteach san Aontas i ngeall ar a gcarachtar ionrach aitheanta agus toisc go bhfuil tionchar diúltach ar speicis dhúchasacha acu. Seo iad na speicis sin: *Callosciurus erythraeus, Sciurus carolinensis, Oxyura jamaicensis, Lithobates (Rana) catesbeianus, Sciurus niger, Chrysemys picta, Trachemys scripta elegans*. Chun creat dlíthiúil comhleanúnach agus rialacha aonfhoirmeacha ar leibhéal an Aontais maidir le speicis choimhthíocha ionracha a áirithiú, ba cheart na hainmhithe choimhthíocha ionracha sin a mheas mar ábhar tosaíochta do liostú mar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas.

(14) Is inmhianaithe ó thaobh an chomhshaoil an cosc go ginearálta agus is éifeachtaí ó thaobh costas de é ná frithghníomh tar éis an ionraidh, agus ba cheart tosaíocht a thabhairt dó, agus toisc gur féidir speicis nua a thabhairt isteach de shíor san Aontas agus toisc go bhfuil speicis choimhthíocha ag leathadh agus ag leathnú a raoin, ní mór a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú leanúnach ar liosta na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas go gcoinneofar cothrom le dáta é.

(15) D'fhéadfadh roinnt de na speicis atá ionrach san Aontas a bheith dúchasach i roinnt de na Réigiúin is Forimeallaí san Aontas agus vice versa. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le "Na réigiúin is forimeallaí: sócmhainn don Eoraip"[18] aithníodh go n-éilíonn bithéagsúlacht ar leith na réigiúin is forimeallaí bearta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun speicis choimhthíocha ionracha a chosc agus a bhainistiú sna réigiúin sin mar atá sainithe sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ag cur san áireamh Chinneadh 2010/718/AE ón gComhairle Eorpach an 29 Deireadh Fómhair 2010 lena leasaítear an stádas i leith an Aontais

[17] IO L 61, 3.3.1997, lch. 1.

[18] COM(2008) 642 final

Eorpaigh atá ag oileán Saint-Barthélemy[19] agus Chinneadh 2012/419/AE ón gComhairle Eorpach an 11 Iúil 2012 lena leasaítear stádas Mayotte i leith an Aontais Eorpaigh[20]. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh feidhm le forálacha go léir na rialacha nua sna Réigiúin is Forimeallaí san Aontas ach amháin i gcás forálacha a bhaineann le speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas atá dúchasach sna réigiúin sin. Ina theannta sin, chun foráil a dhéanamh maidir leis an gcosaint is gá ar an mbithéagsúlacht sna réigiúin sin, ní mór do na Ballstáit lena mbaineann liostaí ar leith de speicis choimhthíocha ionracha sna Réigiúin is Forimeallaí, ar cheart na rialacha nua seo a chur i bhfeidhm orthu freisin, a tharraingt suas mar chomhlánú ar liosta na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas.

(16) Dúshlán trasteorann don Aontas ar fad is ea na rioscaí agus na hábhair imní a bhaineann le speicis choimhthíocha ionracha. Ní mór, dá bhrí sin, toirmeasc a chur, ar leibhéal an Aontais, ar speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas a thabhairt isteach san Aontas go beartaithe, ar iad a atáirgeadh, a chur ag fás, a iompar, a cheannach, a dhíol, a úsáid, a mhalartú, a choinneáil agus a scaoileadh chun a áirithiú go ndéanfar beart comhsheasmhach ar fud an Aontais ionas go ndéanfar saobhadh ar an margadh inmheánach a sheachaint agus d'fhonn easpa birt i mBallstát amháin a bhainfeadh an bonn de na bearta a glacadh i mBallstát eile a sheachaint.

(17) D'fhonn taighde eolaíoch agus gníomhaíochtaí caomhnaithe *ex-situ* a chumasú, ní foláir rialacha sonracha maidir le speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas a chur ar fáil faoi réir na ngníomhaíochtaí sin. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích i saoráidí iata ina bhfuil na horgánaigh faoi choinneáil shrianta agus na bearta uile is gá á nglacadh chun éalú nó scaoileadh neamhdhleathach speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas a sheachaint.

(18) D'fhéadfadh sé tarlú go dtiocfadh speicis choimhthíocha nár aithníodh go fóill mar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas chun cinn ag teorainneacha an Aontais nó go dtiocfaí orthu i gcríoch an Aontais. Ba cheart an rogha a thabhairt do na Ballstáit, dá bhrí sin, bearta áirithe éigeandála a ghlacadh ar bhonn na fianaise eolaíche atá ar fáil. Dhéanfadh bearta éigeandála den sórt sin foráil maidir le freagairt láithreach i gcoinne speiceas a bhféadfadh rioscaí a bheith lena dtabhairt isteach, a mbunú agus a scaipeadh sna tíortha sin, fad is a bheadh na Ballstáit ag déanamh measúnaithe ar na rioscaí a bhaineann leo dáiríre, ag teacht leis na forálacha is infheidhme de **Chomhaontuithe na hEagraíochta Domhanda Trádála,** go háirithe d'fhonn go n-aithneofaí na speicis sin mar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas. Is gá bearta éigeandála náisiúnta a cheangal leis an bhféidearthacht bearta éigeandála a ghlacadh ar leibhéal an Aontais d'fhonn forálacha chomhaontuithe na hEagraíochta Domhanda Trádála a chomhlíonadh. Thairis sin, threalmhódh bearta éigeandála ar leibhéal an Aontais an tAontas gníomhú go tapa i gcás ina mbeadh speiceas nua coimhthíoch

[19] IO L 325, 9.12.2010, lch. 4.

[20] IO L 204, 31.7.2012, lch. 131.

ionrach ann, nó an baol go dtiocfadh sé, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim.

(19) Ba cheart go mbeadh ar chumas na mBallstát bearta níos déine a dhéanamh chun dul i ngleic le speicis choimhthíocha ionracha agus chun bearta a ghlacadh go réamhghníomhach i leith aon speicis nach bhfuil liostaithe mar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas. D'fhonn seasamh níos réamhghníomhaí maidir le speicis neamhliostaithe a ghlacadh, ba cheart go mbeadh sé mar cheangal, dá bhrí sin, nach mór údarú a eisiúint i ndáil le le speicis choimhthíocha ionracha nach bhfuil liostaithe mar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas a scaoileadh isteach sa timpeallacht má tá fianaise ag na Ballstáit go mbaineann riosca leo. Bunaíodh rialacha mionsonraithe maidir le húdarú na speiceas coimhthíoch a bhíonn le húsáid i ndobharshaothrú cheana féin le Rialachán (CE) Uimh. 708/2007 ón gComhairle an 11 Meitheamh 2007 agus ba cheart go gcuirfeadh Ballstáit san áireamh sa chomhthéacs seo é.

(20) Tá cuid mhór speiceas coimhthíoch ionrach a thugtar isteach go neamhbheartaithe san Aontas. Is ríthábhachtach, dá bhrí sin, na conairí trína dtugtar isteach iad go neamhbheartaithe a bhainistiú. Ba ghá gníomhaíocht sa réimse seo a bheith de réir a chéile, mar gheall ar an taithí measartha teoranta sa réimse seo. Ba cheart go gcuimseodh an ghníomhaíocht sin bearta deonacha, ar nós na mbeart atá molta i dTreoirlínte na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Bithsmálaithe ar Long, agus bearta sainordaitheacha, agus ba cheart di tógáil ar an taithí a fuarthas san Aontas agus sna Ballstáit i mbainistiú conairí áirithe, lena n-áirítear bearta a bunaíodh tríd an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Dríodar Long.

(21) D'fhonn bonn eolais leordhóthanach a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a tharraingíonn speicis choimhthíocha ionracha, is tábhachtach go dtabharfadh na Ballstáit faoi thaighde, faireachán agus faireachas ar speicis den sórt sin. Toisc gurb iad córais faireachais an tslí is iomchuí le speicis choimhthíocha ionracha nua a luathbhrath agus chun dáileadh speiceas atá bunaithe cheana féin a chinneadh, ba cheart suirbhéanna spriocdhírithe agus suirbhéanna ginearálta araon a áireamh iontu agus tairbhe a bhaint as rannpháirtíocht na n-earnálacha agus na bpáirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear pobail áitiúla. Ba cheart go mbeadh aird leanúnach á tabhairt ar aon speiceas ionrach nua in áit ar bith san Aontas mar chuid de na córais faireachais. Ar mhaithe le héifeachtúlacht agus éifeachtacht ó thaobh costais, ba cheart na córais atá ann cheana um rialú teorainneacha, faireachán agus faireachas a bunaíodh cheana féin i reachtaíocht an Aontais a chur i bhfeidhm, go háirithe na córais sin atá leagtha amach i dTreoracha 2009/147/CE, 92/43/CEE, 2008/56/CE agus 2000/60/CE.

(22) Ba cheart go ndéanfaí rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus ar phlandaí d'fhonn cosc a chur le speicis choimhthíocha ionracha a thabhairt isteach go beartaithe. Ba cheart go dtiocfadh ainmhithe agus plandaí beo isteach san Aontas trí phoist um rialú teorann arna ainmniú ag na Ballstáit i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. XXX/XXXX [maidir le rialuithe oifigiúla COM (2013) 265]. D'fhonn

gnóthúcháin éifeachtachta a áirithiú agus chun cruthú córas rialuithe teorann atá comhthreomhar a sheachaint, ba cheart a fhíorú an speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas iad na speicis sin ag an gcéad Phost um Rialú Teorann Iontrála. Ainmhithe agus plandaí nach dtagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. XXX/XXXX [maidir le rialuithe oifigiúla COM (2013) 265] nó a bhfuil díolmhú acu ó rialuithe oifigiúla ag poist um rialú ag teorainneacha, tiocfaidh siad isteach i gcríoch custaim an Chomhphobail trí phointí iontrála eile agus beidh siad faoi réir seiceálacha ansin.

(23) Tar éis do speiceas coimhthíoch ionrach teacht isteach, tá géarghá le luathbhrath agus bearta díothaithe tapa le cosc a chur lena mbunú agus lena scaipeadh. Go minic, is é an fhreagairt is éifeachtúla agus is éifeachtaí ó thaobh costais an líon iomlán a dhíothú, a luaithe is féidir fad a bhíonn líon na n-eiseamal teoranta go fóill. I gcás nach bhfuil díothú indéanta nó gur mó na costais a bhaineann le díothú san fhadtéarma ná na tairbhí don chomhshaol,agus na tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta, ba cheart bearta srianta agus rialaithe a chur i bhfeidhm.

(24) Díothú agus bainistiú roinnt speiceas coimhthíoch ionrach, cé go bhfuil gá leis, d'fhéadfadh sé pian, anacair, eagla nó cineálacha eile fulaingthe a spreagadh sna hainmhithe fiú nuair a úsáidtear na modhanna teicniúla is fearr atá ar fáil. Ar an gcúis sin, ba cheart do na Ballstáit agus aon oibreoir a bhfuil baint aige le díothú, rialú nó srianadh speiceas coimhthíoch ionrach na bearta uile is gá a dhéanamh le pian, anacair agus fulaingt na n-ainmhithe le linn an phróisis a íoslaghdú, ag cur san áireamh a mhéid is féidir, na cleachtais is fearr sa réimse, mar shampla na Treoirphrionsabail ar Leas Ainmhithe a d'fhorbair an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE).

(25) Is gnách go ndéanann speicis choimhthíocha ionracha damáiste d'éiceachórais agus go laghdaíonn siad a n-athléimneacht. Dá bhrí sin, is gá bearta athchóirithe chun athléimneacht na n-éiceachóras ar ionraí a neartú, an damáiste a rinneadh a dheisiú agus chun feabhas a chur ar stádas caomhnaithe na speiceas agus a ngnáthóg i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2009/147/CE agus Airteagal 6 de 92/43/CEE, stádas éiceolaíoch uiscí dromchla intíre, uiscí trasdultacha, uiscí cósta agus screamhuisce i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir 2000/60/CE, agus stádas comhshaoil na n-uiscí mara i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2008/56/CE.

(26) Ba cheart go dtacódh córas faisnéise láraithe le córas le dul i ngleic le speicis choimhthíocha ionracha, córas a thiomsódh an t-eolas atá ann cheana maidir le speicis choimhthíocha san Aontas agus a cheadódh rochtain ar fhaisnéis maidir le láithreacht speiceas, a leathadh, a n-éiceolaíocht, stair ionraidh agus gach eolas eile is gá le tacú le cinntí beartais agus bainistíochta.

(27) Bunaítear ke Treoir 2003/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 lena bhforáiltear do rannpháirtíocht an phobail i leith pleananna agus cláir áirithe a bhaineann leis an gcomhshaol a tharraingt suas[21] creat le haghaidh comhairliúcháin phoiblí i gcinntí a bhaineann leis an gcomhshaol. I

[21] IO L 156, 25.6.2003, lch. 17.

sainmhíniú gníomhaíochta i réimse na speiceas coimhthíoch ionrach, ba cheart go gcuirfeadh rannpháirtíocht éifeachtach phoiblí ar chumas an phobail tuairimí agus ábhair imní a chur in iúl, agus ar chumas na gcinnteoirí iad sin a chur san áireamh, tuairimí agus ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do na cinntí sin, rud a mhéadóidh cuntasacht agus trédhearcacht an phróisis chinnteoireachta agus a chuirfidh le feasacht an phobail faoi shaincheisteanna comhshaoil agus a spreagfadh iad le tacú leis na cinntí a glacadh.

(28) D'fhonn dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú do chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, chun liosta na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas a ghlacadh agus a nuashonrú, le maoluithe a dheonú ón oibleagáid díothú go tapa agus chun bearta éigeandála Aontais a ghlacadh, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann le sásraí maidir le rialú na mBallstát ar fheidhmiú an Choimisiúin ar a chuid cumhachtaí cur chun feidhme.[22].

(29) D'fhonn na forbairtí eolaíocha is déanaí i réimse an chomhshaoil a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil lena chinneadh conas an tátal a bhaint as go bhfuil speicis choimhthíocha ionracha in ann daonraí inmharthana a bhunú agus leathadh, chomh maith le leagan amach na ngnéithe comónta d'fhorbairt na measúnuithe riosca. Tá sé thar a bheith tábhachtach go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúchán le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(30) D'fhonn a ráthú go gcomhlíonfar an Rialachán seo, is tábhachtach go bhforchuirfidh na Ballstáit smachtbhannaí athchomhairleacha, éifeachtacha agus comhréireacha maidir le sáruithe, agus cineál agus tromchúis an tsáraithe á gcur san áireamh.

(31) D'fhonn a chur ar chumas úinéirí neamhthráchtála leanúint lena gcuid n-ainmhithe coimhdeachta a bhaineann le speiceas a liostaítear mar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas a choinneáil go dtí bás nádúrtha an ainmhí, ní mór bearta idirthréimhseacha a fhoráil, ar an gcoinníoll go gcuirfear na bearta go léir a chur i bhfeidhm le héalú nó atáirgeadh a sheachaint.

(32) D'fhonn a chur ar chumas oibreoirí tráchtála, a bhféadfadh ionchas dlisteanach a bheith acu, mar shampla iad siúd a bhfuil údarú faighte acu i gcomhréir le Rialachán 708/2007, a stoc speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas a dhísciú nuair a thiocfaidh na rialacha nua seo i bhfeidhm, tá údar maith

[22] IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

ann dhá bhliain a cheadú dóibh chun na heiseamail a mharú, a dhíol nó a thabhairt do bhunaíochtaí taighde nó caomhnaithe e*x-situ*.

(33) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, i.e. speicis choimhthíocha ionracha a chosc agus a bhainistiú, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr dá bhrí sin, mar gheall ar fhairsinge agus éifeachtaí na mbeart, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an gníomh seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I
FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1
Ábhar

Leagtar amach sa Rialachán seo rialacha chun an drochthionchar a bhíonn ag speicis choimhthíocha ionracha a thugtar isteach agus a leatar, go beartaithe agus go neamhbheartaithe, ar bhithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais a chosc, a íoslaghdú agus a mhaolú.

Airteagal 2
Raon Feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le gach speiceas coimhthíoch ionrach atá san Aontas mar atá sainmhínithe in Airteagal 3(2).

2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) speicis a dtagann athrú ar a raon nádúrtha gan idirghabháil ón duine, mar fhreagairt ar dhálaí athraitheacha éiceolaíocha agus athrú aeráide;

   (b) orgánaigh ghéinmhodhnaithe mar atá sainmhínithe in Airteagal 2 de Threoir 2001/18/CE;

   (c) galar ainmhithe arna rialú mar atá sainmhínithe in Airteagal 4(1)(14) de Rialachán (AE) Uimh. XXX/XXXX [an dlí i ndáil le sláinte ainmhithe - COM(2013) 260 final];

   (d) lotnaidí plandaí atá liostaithe de bhun Airteagal 5(2) nó Airteagal 32(3) nó atá faoi réir beart de bhun Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) Uimh. XXX/XXXX [i ndáil le sláinte plandaí - COM(2013) 267 final];

   (e) speicis atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 708/2007;

(f) micrea-orgánaigh arna monarú nó arna n-allmhairiú lena n-úsáid i dtáirgí cosanta plandaí a formheasadh cheana féin nó a bhfuil measúnú ar bun orthu de réir Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009;

(g) micrea-orgánaigh arna monarú nó arna n-allmhairiú lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha a formheasadh cheana nó atá á gcur ar fáil ar mhargadh an Aontais de bhun Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

Airteagal 3
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm leis na sainmhínithe seo a leanas:

(2) ciallaíonn 'speiceas coimhthíoch' aon eiseamal beo de speiceas, fospeiceas nó tacsón níos ísle d'ainmhithe, plandaí, fungais nó micrea-orgánaigh a tugadh isteach lasmuigh dá dháileadh nádúrtha san am a caitheadh nó san am i láthair; áirítear ann aon chuid, aon ghaiméirí, aon síolta, aon uibheacha nó aon iomadúlaithe den speiceas sin, mar aon le haon hibridí, aon chineálacha nó aon phórtha a d'fhéadfadh fanacht beo agus atáirgeadh ina dhiaidh sin;

(3) ciallaíonn 'speiceas coimhthíoch ionrach' speiceas coimhthíoch a bhfacthas, trí bhíthin measúnaithe riosca, go raibh a thabhairt isteach nó a leathadh ina bhaol don bhithéagsúlacht agus do sheirbhísí éiceachórais, agus a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar shláinte an duine nó ar an ngeilleagar;

(4) ciallaíonn 'speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas' speiceas coimhthíoch ionrach a meastar a n-éilíonn a thionchar diúltach beart comhbheartaithe ar leibhéal an Aontais de bhun Airteagal 4(2);

(5) ciallaíonn 'bithéagsúlacht' athraitheacht i measc orgánach beo ó gach foinse, lena n-áirítear éiceachórais talún agus mhara agus éiceachórais uisceacha eile agus na coimpléisc éiceolaíocha ar cuid díobh iad; áirítear leis sin éagsúlacht laistigh de speiceas, idir speicis agus idir éiceachórais;

(6) ciallaíonn 'seirbhísí éiceachórais' a mhéid a chuireann éiceachórais go díreach agus go hindíreach le folláine an duine;

(7) ciallaíonn 'tabhairt isteach' gluaiseacht speicis lasmuigh dá dháileadh nádúrtha san am a caitheadh nó san am i láthair, de thoradh idirghabháil an duine;

(8) ciallaíonn 'taighde' obair thuairiscithe nó thurgnamhach, arna déanamh faoi dhálaí rialaithe chun eolas nua a fháil nó chun táirgí nua a fhorbairt, lena n-áirítear na chéad chéimeanna i ndáil le gnéithe géiniteacha speiceas coimhthíoch ionrach, cé is moite de chumas ionrach, a shainaithint, a thréithriú agus a leithlisiú, sa mhéid is gá chun pórú na ngnéithe sin isteach i speicis neamhionracha a éascú;

(9) ciallaíonn 'faoi choinneáil shrianta' orgánach a choimeád i saoráidí iata nach féidir éalú ná leathadh uathu;

(10) ciallaíonn 'caomhnú *ex situ*' comhpháirteanna d'éagsúlacht bhitheolaíoch a chaomhnú lasmuigh dá ngnáthóg nádúrtha;

(11) ciallaíonn 'conairí' bealaí agus sásraí ionraí bitheolaíocha;

(12) ciallaíonn 'luathbhrath' láithreacht eiseamal de speiceas coimhthíoch ionrach a dhearbhú sa timpeallacht sula leathann sé;

(13) ciallaíonn 'díothú' fáil réidh le daonra speicis choimhthíoch ionraigh ina iomláine agus ar bhonn buan trí mheán fisiceach, ceimiceach nó bitheolaíoch;

(14) ciallaíonn 'leata go fairsing' speiceas coimhthíoch ionrach a bhfuil a dhaonra imithe níos faide ná céim an nádúraithe, céim ag a bhfanann daonra de bheith féinchothaitheach, agus go bhfuil sé leata chun cuid mhór den raon ionchasach inar féidir leis maireachtáil agus atáirgeadh a choilíniú;

(15) ciallaíonn 'bainistiú' aon bheart fisiceach, ceimiceach nó bitheolaíoch atá dírithe ar dhaonra speicis choimhthíoch ionraigh a dhíothú, a smachtú nó a shrianadh;

(16) ciallaíonn 'srianadh' bearta atá dírithe ar bhacainní a chruthú a mhaolóidh an riosca go scaipfidh agus go leathfaidh daonra speicis choimhthíoch ionraigh lasmuigh den limistéar ionraidh;

(17) ciallaíonn 'an daonra a smachtú' bearta fisiceacha, ceimiceacha nó bitheolaíocha a chuirtear i bhfeidhm ar dhaonra speiceas coimhthíoch ionrach agus é mar aidhm leo líon an speicis a choimeád chomh íseal agus is féidir ionas go maolófar a chumas ionraidh agus a thionchar diúltach ar bhithéagsúlacht nó ar sheirbhísí éiceachórais, fiú murar féidir an speiceas a dhíothú.

Airteagal 4

Liosta na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas

1. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme ar bhonn na gcritéar i mír 2, liosta na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas, agus déanfaidh sé an liosta sin a nuashonrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 22(2).

2. Ní chuirfear speicis choimhthíocha ionracha ar an liosta dá dtagraítear i mír 1, ach amháin má chomhlíonann siad na critéir seo ar fad a leanas:

   (a) tá siad, ag féachaint don fhianaise eolaíoch atá ar fáil, ionrach i gcríoch an Aontais, cé is moite de na réigiúin is forimeallaí;

   (b) tá siad, ag féachaint don fhianaise eolaíoch atá ar fáil, in ann daonra inmharthana a bhunú agus leathadh sa timpeallacht faoi na dálaí athraithe aeráide atá ann faoi láthair nó is dócha a bheidh ann áit ar bith san Aontas cé is moite de na réigiúin is forimeallaí;

   (c) léirítear leis an measúnú riosca arna dhéanamh de bhun Airteagal 5(1) go bhfuil beart ar leibhéal an Aontais de dhíth chun cosc a chur lena mbunú agus lena leathadh.

3. Féadfaidh na Ballstáit iarrataí a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le speicis choimhthíocha ionracha a chur ar an liosta dá dtagraítear i mír 1. Áireofar sna hiarrataí sin na critéir seo a leanas ar fad:

(a) ainm an speicis;

(b) measúnú riosca arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5(1);

(c) fianaise go gcomhlíonann an speiceas na critéir atá leagtha amach i mír 2.

4. Ar an liosta dá dtagraítear i mír 1 beidh uasmhéid caoga speiceas lena n-áirítear aon speiceas a d'fhéadfaí a chur leis de thoradh beart éigeandála dá bhforáiltear in Airteagal 9.

Airteagal 5

Measúnú riosca agus gníomhartha tarmligthe

5. Déanfaidh an Coimisiún nó na Ballstáit, de réir mar is ábhartha, an measúnú riosca dá dtagraítear in Airteagal 4(2)(c) agus (3)(b) ag féachaint do na gnéithe seo a leanas:

(a) tuairisc ar an speiceas agus a aitheantas tacsanomaíoch, a stair, a raon dúchasach, a raon ionchasach;

(b) tuairisc ar a atáirgeadh agus a phátrúin leata, lena n-áirítear measúnú an ann do na dálaí comhshaoil is gá don atáirgeadh agus don leathadh;

(c) tuairisc ar chonairí ionchasacha an teachta isteach agus an leata, arna dhéanamh go beartaithe nó go neamhbheartaithe, lena n-áirítear, nuair is ábhartha, na tráchtearraí lena mbaineann an speiceas go ginearálta;

(d) measúnú a dhéanamh ar an riosca maidir le teacht isteach, bunú agus leathadh sna réigiúin ábhartha bhithgheografacha faoi na dálaí reatha agus faoi dhálaí athraithe aeráide atá tuartha;

(e) tuairisc ar dháileadh reatha an speicis lena n-áirítear tuairisc ar an bhfuil an speiceas i láthair cheana féin san Aontas nó i dtíortha comharsanachta;

(f) tuairisc ar an tionchar diúltach ar bhithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais, lena n-áirítear ar speiceas dúchasach, láithreacha cosanta, gnáthóga i mbaol, ar shláinte an duine agus ar an ngeilleagar lena n-áirítear measúnú ar mhéid an tionchair amach anseo;

(g) tuar cainníochtaithe ar chostais an damáiste ar leibhéal an Aontais a bhfuil tábhacht aige don Aontas, d'fhonn údar cuí eile a thabhairt do bheart toisc gur mhó an damáiste foriomlán a dhéanfaí agus costas an mhaolaithe;

(h) tuairisc ar úsáidí féideartha agus sochair fhéideartha a thig as na húsáidí sin den speiceas.

6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 23 chun tuilleadh sonraithe a dhéanamh ar an gcineál

fianaise eolaíche inghlactha dá dtagraítear in Airteagal 4(2)(b) agus chun tuairisc mhionsonraithe a sholáthar ar chur i bhfeidhm na n-eilimintí atá leagtha amach i mír 1(a) go (h) den Airteagal seo, lena n-áirítear an mhodheolaíocht atá le cur i bhfeidhm i measúnú ar na heilimintí sin, agus caighdeáin ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta á gcur san áireamh agus an gá le tosaíocht a thabhairt do bheart i gcoinne speicis a luaitear le damáiste suntasach eacnamaíoch, nó a bhfuil an cumas iontu damáiste den chineál sin a dhéanamh, lena n-áirítear damáiste ar toradh de chaillteanas bithéagsúlachta é.

Airteagal 6

Forálacha maidir leis na réigiúin is forimeallaí

1. Ní bheidh speiceas atá ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus ar speiceas dúchasach i réigiún forimeallach é, faoi réir fhorálacha Airteagail 7, 8, 11 agus 13 go 17 sna réigiún is forimeallaí áit ar speiceas dúchasach é.

2. Faoin [*12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo – dáta le cur isteach*} ar a dhéanaí, glacfaidh gach Ballstát a mbaineann réigiúin is forimeallaí leis liosta de na speicis choimhthíocha ionracha do gach ceann dá réigiúin is forimeallaí, i gcomhairle leis na réigiúin sin.

3. Beidh na speicis atá ar na liostaí dá dtagraítear i mír 2 faoi réir Airteagail 7, 8, 11 agus 13 go 17 laistigh de na réigiúin is forimeallaí ábhartha.

4. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas gan mhoill faoi na liostaí dá dtagraítear i mír 2 agus faoi aon nuashonrú a dhéanfar ar na liostaí sin.

CAIBIDIL II
COSC

Airteagal 7

Toirmeasc ar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas

1. Speicis atá ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 4 (1), ní dhéanfar go beartaithe:

   (a) iad a thabhairt isteach ná a iompar trí chríoch an Aontais;

   (b) ligean dóibh atáirgeadh;

   (c) iad a iompar, ach amháin i gcás speicis a iompar chuig saoráidí lena ndíothú;

   (d) iad a chur ar an margadh;

   (e) iad a úsáid ná a mhalartú;

   (f) iad a choimeád ná a fhás, lena n-áirítear faoi choinneáil shrianta;

   (g) iad a scaoileadh isteach sa timpeallacht.

2. Cuirfidh na Ballstáit cosc ar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas a thabhairt isteach go neamhbheartaithe i gcomhréir le forálacha Airteagal 11(3) agus (4).

Airteagal 8

Ceadanna le haghaidh taighde agus caomhnaithe ex-situ

1. De mhaolú ar na toirmisc atá leagtha amach i bpointí (a), (b), (c), (e) agus (f) d'Airteagal 7(1), déanfaidh Ballstáit córas ceada a bhunú a ligfidh do bhunaíochtaí atá údaraithe le taighde nó caomhnú *ex-situ* a dhéanamh chun gníomhaíochtaí den sórt sin a chur i gcrích ar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas.

2. Déanfaidh na Ballstáit cumhacht a thabhairt don údarás inniúil ábhartha na ceadanna dá dtagraítear i mír 1 a eisiúint le haghaidh gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi choinneáil shrianta a chomhlíonann gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) coimeádtar agus láimhseáiltear na speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas i saoráidí iata mar a dtagraítear dóibh i mír 3;

   (b) tá an ghníomhaíocht le cur i gcrích ag pearsanra a bhfuil na cáilíochtaí eolaíocha agus teicniúla acu a bheidh forordaithe ag na húdaráis inniúla;

   (c) údaraíonn an t-údarás inniúil iompar chuig an tsaoráid iata agus uaithi agus déantar é faoi dhálaí a eisiann éalú na speiceas coimhthíoch ionrach;

   (d) i gcás inar ainmhithe iad na speicis choimhthíocha ionracha, marcáiltear nuair is féidir iad;

   (e) bainistítear an baol éalaithe nó leata go héifeachtach, agus cuirtear san áireamh céannacht, bitheolaíocht agus modhanna scaipthe an speicis, an ghníomhaíocht agus an tsaoráid iata atá beartaithe, an t-idirghníomhú leis an timpeallacht agus tosca ábhartha eile a bhaineann leis an riosca a bhaineann leis an speiceas sin;

   (f) déantar plean faireacháin leanúnaigh agus plean teagmhasach chun freastal ar éalú nó ar leathadh féideartha a tharraingt suas, lena n-áirítear plean don díothú;

   (g) tá an cead dá dtagraítear i mír 1 teoranta do líon na speiceas agus na n-eiseamal is gá don taighde nó don chaomhnú *ex-situ* lena mbaineann agus ní sháróidh sé cumas na saoráide iata. Áireofar ann na srianta is gá chun riosca éalaithe nó leata an speicis lena mbaineann a mhaolú. Beidh sé ag gabháil leis na speicis choimhthíocha ionracha dá dtagraíonn sé i gcónaí nuair a bhíonn siadsan á gcoinneáil, á dtabhairt isteach agus á n-iompar laistigh den Aontas.

3. Measfar go bhfuil eiseamail á gcoinneáil i saoráidí iata má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(h) tá siad scartha amach go fisiceach agus ní féidir leo éalú ná leathadh ná ní féidir le daoine neamhúdaraithe iad a bhaint as na saoráidí ina bhfuil siad á gcoimeád; áiritheoidh prótacail um ghlanadh agus um chothabháil nach bhféadfaidh aon eiseamail ná codanna inatáirgthe éalú, leathadh ná nach féidir le daoine neamhúdaraithe iad a bhaint as na saoráidí;

(i) déantar iad a bhaint as na saoráidí nó a dhiúscairt nó a dhíothú ar bhealach chun iomadú nó atáirgeadh lasmuigh de na saoráidí a eisiamh.

4. Nuair a dhéanfaidh bunaíocht iarratas ar chead, déanfaidh sí gach fianaise is gá a sholáthar chun go bhféadfaidh an t-údarás inniúil measúnú a dhéanamh an bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 á gcomhlíonadh.

Airteagal 9
Bearta éigeandála

1. I gcás ina bhfuil fianaise ag Ballstát go bhfuil speiceas coimhthíoch ionrach ar a chríoch, nó go bhfuil gar-bhagairt ann go mbeidh, fianaise nach bhfuil san áireamh ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) ach a mheasann na húdaráis inniúla a bheith ábhartha, ar bhonn réamhfhianaise eolaíche, toisc gur dócha go gcomhlíonfaidh sé na critéir atá leagtha amach in Airteagal 4(2), féadfaidh sé bearta éigeandála a dhéanamh láithreach, a mbeidh ina measc aon cheann de na toirmisc atá leagtha amach in Airteagal 7 (1).

2. An Ballstát a thugann isteach bearta éigeandála ina chríoch náisiúnta, lena n-áirítear pointí (a), (c) nó (d) d'Airteagal 7(1) a chur i bhfeidhm, cuirfidh sé an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas láithreach faoi na bearta a rinneadh agus an fhianaise atá mar bhonn leis na bearta sin.

3. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann measúnú riosca de bhun Airteagal 5 ar an speiceas atá faoi réir na mbeart éigeandála gan mhoill, i bhfianaise na faisnéise teicniúla agus eolaíche atá ar fáil, agus in aon chás laistigh de 24 mí ón lá a glacadh an cinneadh bearta éigeandála a thabhairt isteach, d'fhonn na speicis sin a chur ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

4. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún an fógra dá dtagraítear i mír 2 nó má tá fianaise eile aige go bhfuil speiceas coimhthíoch ionrach san Aontas, nó go bhfuil gar-bhaol ann go mbeidh, ar speiceas é nach bhfuil ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) ach gur dócha go gcomhlíonfaidh sé na critéir atá leagtha amach in Airteagal 4(2), cinnfidh sé, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, ar bhonn na réamhfhianaise eolaíche, an dócha go gcomhlíonfaidh an speiceas na critéir sin, agus déanfaidh sé bearta éigeandála don Aontas a mbeidh ina measc aon cheann de na toirmisc atá leagtha amach in Airteagal 7(1) ar feadh tréimhse teoranta maidir leis na rioscaí a bhaineann leis an speiceas sin, i gcás

ina gcinneann sé gur dócha go gcomhlíonfar na critéir atá leagtha amach in Airteagal 4(2). Glacfar na bearta cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(2).

5. Má fhoráiltear dóibh sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 4, déanfar na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit de bhun mhír 1 a aisghairm nó a leasú.

6. Féadfaidh an Ballstát a dhéanann bearta éigeandála na bearta sin a choimeád ar bun go dtí go nglacfar gníomh cur chun feidhme, lena mbunófar bearta éigeandála ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le mír 4 nó a chuirfidh na speicis ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) ar bhonn an mheasúnaithe riosca a rinne an Ballstát lena mbaineann de bhun mhír 3.

Airteagal 10

Srianta maidir le speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní do na Ballstáit a scaoileadh go beartaithe

1. Cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar aon scaoileadh beartaithe isteach sa timpeallacht - is é sin an próiseas trína gcuirtear orgánach isteach sa timpeallacht chun críche ar bith, gan na bearta is gá chun éalú agus leathadh na speicis sin a chosc - de speicis choimhthíocha ionracha eile cé is moite de speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas, ar speicis iad a mheasann na Ballstáit, ar bhonn na fianaise eolaíche, a mbeadh tionchar diúltach tábhachtach ag a scaoileadh agus a leathadh, fiú amháin nuair nach bhfuil sé sin fionnta go hiomlán, ar a gcríoch náisiúnta ('speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní do na Ballstáit').

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile cé na speicis a mheasann sé ar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní do na Ballstáit iad.

3. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údaruithe a eisiúint chun speicis áirithe choimhthíocha ionracha is ábhar imní do na Ballstáit a scaoileadh go beartaithe, ar choinníoll go gcuirfear na coinníollacha seo a leanas san áireamh go hiomlán:

   (a) níl aon speiceas neamhionrach eile ann is féidir a úsáid chun leasanna den chineál céanna a fháil;

   (b) tá buntáistí an scaoilte thar a bheith ard i gcomparáid le baol damáiste an speicis lena mbaineann;

   (c) beidh bearta um riosca a mhaolú mar chuid den scaoileadh chun an tionchar ar bhithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais, chomh maith leis an tionchar ar shláinte an duine agus ar an ngeilleagar, a íoslaghdú;

   (d) tá faireachán leordhóthanach ar bun agus tá plean teagmhasach curtha le chéile chun an speiceas a dhíothú a bheidh le cur i bhfeidhm i gcás ina mbíonn an damáiste a rinne an speiceas do-ghlactha, dar leis an údarás inniúil.

4. Aon údarú le speicis choimhthíocha a thabhairt isteach lena n-úsáid i ndobharshaothrú, eiseofar é i gcomhréir leis na forálacha nó le Rialachán Uimh. 708/2007.

Airteagal 11

Pleananna gníomhaíochta maidir le conairí speiceas coimhthíoch ionrach

1. Déanfaidh na Ballstáit, faoin [*18 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo - an dáta le cur isteach*] ar a dhéanaí anailís chuimsitheach ar na conairí trína dtugtar isteach agus trína leatar speicis choimhthíocha ionracha go neamhbheartaithe ina gcríoch agus sainaithneoidh siad na conairí inar gá beart tosaíochta ('conairí tosaíochta'), i ngeall ar líon na speiceas nó ar an damáiste de dheasca na speicis a bheith ag teacht isteach san Aontas tríothu. Agus é sin ar siúl acu, díreoidh na Ballstáit go háirithe ar anailís ar na conairí trína dtugtar isteach speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas.

2. Faoin [*3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo - an dáta le cur isteach]* ar a dhéanaí, déanfaidh gach Ballstát plean gníomhaíochta a bhunú agus a chur chun feidhme le dul i ngleic leis na conairí tosaíochta a d'aithin sé de bhun mhír 1. Cuimseoidh an plean gníomhaíochta sin clár ama le haghaidh gníomhaíochta agus tabharfaidh sé tuairisc ar na bearta a bheidh le déanamh chun aghaidh a thabhairt ar na conairí tosaíochta agus chun cosc a chur le speicis choimhthíocha ionracha a thabhairt isteach go neamhbheartaithe agus a leathadh san Aontas agus sa timpeallacht nó a leathadh laistigh di.

3. Áireofar sa phlean gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 2 bearta atá ceaptha ar bhonn anailíse ar na costais agus na sochair ina bhfuil ar a laghad an méid seo a leanas:

   (a) bearta le feasacht a ardú;

   (b) bearta rialála le héilliú ó speicis choimhthíocha ionracha ar earraí agus ar thráchtearraí, agus aon fheithicil agus trealamh, lena n-áirítear bearta le dul i ngleic le speicis choimhthíocha ionracha a iompar ó thríú tíortha, a íoslaghdú;

   (c) bearta rialála le seiceálacha cuí ag teorainneacha an Aontais a áirithiú, cé is moite de na rialuithe oifigiúla de bhun Airteagal 13;

   (d) bearta an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Dríodar Long.

4. Déanfar an plean gníomhaíochta a forbraíodh i gcomhréir le mír 2 a sheoladh chuig an gCoimisiún gan mhoill. Gach ceithre bliana tar éis an tseolta dheiridh, déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta agus é a athsheoladh chuig an gCoimisiún.

CAIBIDIL III
LUATHBHRATH AGUS DÍOTHÚ TAPA

Airteagal 12
Córas faireachais

1. Faoin [*18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo - an dáta le cur isteach]* ar a dhéanaí, beidh córas faireachais oifigiúil i bhfeidhm ag na Ballstáit, córas a bhailíonn agus a thaifeadann sonraí ar speicis choimhthíocha ionracha a bheith sa timpeallacht trí bhíthin suirbhé, faireacháin nó nósanna imeachta eile chun cosc a chur le leathadh speiceas ionrach isteach san Aontas.

2. Maidir leis an gcóras faireachais dá dtagraítear i mír 1:

   (a) cumdhóidh sé críoch na mBallstát le láithreacht agus dáileadh speiceas coimhthíoch ionrach nua is ábhar imní don Aontas, chomh maith le speicis choimhthíocha ionracha atá bunaithe cheana, a chinneadh;

   (b) áireoidh sé uiscí mara mar atá sainmhínithe in Airteagal 3(1) de Threoir 2008/56/CE;

   (c) beidh sé dinimiciúil go leor le haon speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas a bhrath go tapa i dtimpeallacht críche nó in aon chuid de chríoch, nárbh eol iad a bheith ann cheana féin;

   (d) bainfidh sé úsáid as an bhfaisnéis a sholáthraíonn na córais atá ann cheana féin a bhaineann le faireachas agus faireachán agus atá leagtha amach in Airteagal 11 de Threoir 92/43/CEE, Airteagal 11 de Threoir 2008/56/CE agus Airteagal 8 de Threoir 2000/60/CE.

Airteagal 13

Rialuithe oifigiúla ag teorainneacha an Aontais

1. Faoin [*12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo - an dáta le cur isteach]* ar a dhéanaí, beidh i bhfeidhm ag na Ballstáit struchtúir a bheidh ag feidhmiú go hiomlán chun na rialuithe oifigiúla is gá a dhéanamh ar ainmhithe agus ar phlandaí, lena n-áirítear a síolta, uibheacha, nó iomadúlaithe, a tugadh isteach san Aontas, chun cosc a chur le tabhairt isteach beartaithe speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas san Aontas.

2. Déanfaidh údaráis na mBallstát na rialuithe oifigiúla ag teorainneacha an Aontais ar na hearraí atá luaite i mír 1 agus atá á dtabhairt isteach san Aontas lena fhíorú gur comhlíonadh ceann amháin de na ceanglais seo a leanas:

   (a) níl siad ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 4(1);

   (b) tá na ceadanna dá dtagraítear in Airteagal 8 bailí.

3. Déanfar na fíoruithe dá dtagraítear i mír 2 trí sheiceáil a dhéanamh ar dhoiciméid, ar chéannacht agus, nuair is gá sin, trí sheiceáil fhisiceacha:

(c) ag poist um rialú teorann dá bhforáiltear in Airteagal 57 de Rialachán (AE) Uimh XXX/XXXX [maidir le rialuithe oifigiúla COM(2013)265], i gcás na n-earraí atá luaite i mír 1, a thagann faoi Airteagal 45 den Rialachán sin agus atá faoi réir na rialuithe oifigiúla ag poist um rialú teorann; sa chás sin, tabharfaidh bronnfaidh na Ballstáit an fhreagracht do na húdaráis inniúla dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. XXX/XXXX [maidir le rialuithe oifigiúla COM (2013) 265]

(d) ag an bpointe iontrála i gcríoch custaim an Chomhphobail i gcás earraí atá luaite i mír 1 nach bhfuil feidhm ag Airteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. XXX/XXXX [maidir le rialuithe oifigiúla COM (2013) 265] maidir leo nó a bhfuil dhíolmhú acu ó rialuithe oifigiúla ag poist um rialú teorann i gcomhréir le hAirteagal 46 den Rialachán céanna; sa chás sin, tabharfaidh na Ballstáit an fhreagracht do na húdaráis custaim na hearraí sin a chur faoi aon nós imeachta custaim.

4. Tabharfar de chumhacht do na húdaráis a ainmneofar do rialuithe teorann freisin na horgánaigh nach gcomhlíonann na coinníollacha de bhun mhír 2 a urghabháil agus a choigistiú. I gcás ina gcoigisteofar orgánaigh, cuirfear iad faoi chúram an údaráis inniúil a bheidh i gceannas ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh na Ballstáit feidhmeanna sonracha a tharmligean chuig údaráis eile.

5. Cuirfear san áireamh sa taifead ar thoradh na rialuithe oifigiúla arna ndéanamh agus aon chinntí a glacadh ar an mbonn sin, lena n-áirítear an cinneadh coinsíneacht a dhiúltú, comhlíonadh na gceanglas i mír 2(a) agus (b).

6. Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta ar bun chun malartú faisnéise a áirithiú a bhaineann le coinsíneachtaí atá ag teacht isteach agus le comhordú agus comhar éifeachtúil, éifeachtach le haghaidh na bhfíoruithe dá dtagraítear i mír 2 idir na húdaráis uile lena mbaineann agus oibreoir na coinsíneachta.

7. Déanfaidh na Ballstáit treoirlínte agus cláir oiliúna a fhorbairt chun aithint agus brath na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas a éascú trí chomhar idir na húdaráis atá bainteach leis na fíoruithe dá dtagraítear i mír 2. Beidh faisnéis ar líonadh an Doiciméid Riaracháin Aonair, ar a ndéantar an dearbhú custaim, sna cláir oiliúna do na húdaráis custaim.

Airteagal 14
Fógraí luathbhraith

1. Bainfidh na Ballstáit úsáid as an gcóras faireachais a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 12 agus as an bhfaisnéis a bhailítear ag rialuithe oifigiúla dá bhforáiltear in Airteagal 13 chun tacú le luathbhrath teachta isteach nó láithreachta speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra i scríbhinn gan mhoill faoi luathbhrath láithreachta speiceas coimhthíoch ionrach *is ábhar imní don Aontas don Choimisiún agus cuirfidh sé na Ballstáit eile ar an eolas, go háirithe maidir le:*

(a) láithreacht, ar a gcríoch nó ar chuid dá gcríoch, aon speicis atá ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 4(1), nárbh eol é a bheith ann roimhe sin ina gcríoch nó i bpáirt dá gcríoch;

(b) teacht ar ais, ar a gcríoch nó ar chuid dá gcríoch aon speicis atá ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 4 (1), tar éis gur tuairiscíodh é a bheith dhíothaithe.

Airteagal 15
Díothú mear ag céim luath den ionradh

1. Tar éis an luathbhraith agus laistigh de thrí mhí tar éis an fógra luathbhraith dá dtagraítear in Airteagal 14 a tharchur, cuirfidh na Ballstáit bearta um dhíothú i bhfeidhm agus tabharfaidh siad fógra faoi na bearta sin don Choimisiún agus cuirfidh siad na Ballstáit eile ar an eolas fúthu.

2. Agus bearta um dhíothú á gcur i bhfeidhm acu, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na modhanna atá in úsáid éifeachtúil le díothú iomlán, buan daonra na speiceas coimhthíoch ionrach lena mbaineann a bhaint amach, ag féachaint go cuí do shláinte an duine agus don chomhshaol, agus chun a áirithiú go spáráiltear na hainmhithe a bhfuiltear ag díriú orthu ar aon phian, anacra nó fulaingt atá inseachanta.

3. Ceapfar agus úsáidfear an córas faireachais dá bhforáiltear in Airteagal 12 chun faireachán a dhéanamh freisin ar éifeachtacht an díothaithe.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus cuirfidh siad na Ballstáit eile ar an eolas nuair a bheidh díothú déanta ar líon de speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas.

5. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas freisin faoi éifeachtacht na mbeart a rinneadh.

Airteagal 16
Maoluithe ó oibleagáid an díothaithe mhear

1. Féadfaidh na Ballstáit iarratas ar mhaolú a chur faoi bhráid an Choimisiúin ón oibleagáid na bearta um dhíothú dá dtagraítear in Airteagal 15 a chur i bhfeidhm le haghaidh speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas a bhí faoi réir an fhógra luathbhraith dá dtagraítear in Airteagal 14.

2. Déanfar iarratais ar mhaoluithe a bhunú ar fhianaise eolaíoch iontaofa agus ní chuirfear isteach iad ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) taispeántar nach bhfuil díothú indéanta go teicniúil ós rud é nach féidir na modhanna díothaithe atá ar fáil a chur i bhfeidhm sa timpeallacht ina bhfuil na speicis bunaithe;

(b) léiríonn anailís costais agus sochair ar bhonn na sonraí atá ar fáil le cinnteacht réasúnach go mbeidh na costais, san fhadtéarma, go heisceachtúil ard agus díréireach i ndáil le sochair an díothaithe;

(c) níl modhanna díothaithe ar fáil nó tá siad ar fáil ach tá tionchar diúltach an-tromchúiseach acu ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol.

3. Déanfaidh na Ballstáit iarratais ar mhaolú, agus iad réasúnaithe go cuí agus an fhianaise dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 2 ag gabháil leo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

4. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir le mír 6, an t-iarratas dá dtagraítear i mír 3 a cheadú nó a dhiúltú.

5. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(2).

6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh bearta srianta i bhfeidhm chun leathadh breise an speicis a sheachaint go dtí go nglacfar an cinneadh cur chun feidhme faoin maolú de bhun mhír 3.

7. I gcás ina ndéanfar maolú ón oibleagáid díothaithe am fhormheas cuirfear an speiceas faoi réir na mbeart bainistíocht dá dtagraítear in Airteagal 17. Má dhiúltaítear don iarratas ar mhaolú, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann na bearta um dhíothú dá dtagraítear in Airteagal 15 a chur i bhfeidhm gan mhoill.

CAIBIDIL IV
BAINISTIÚ NA SPEICEAS COIMHTHÍOCH IONRACH ATÁ LEATA GO FAIRSING

Airteagal 17
Bearta bainistíochta

1. Faoi 12 mhí ón uair a chuirtear speiceas coimhthíoch ionrach ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) ar a dhéanaí, beidh bearta bainistíochta i bhfeidhm ag na Ballstáit do na speicis choimhthíocha ionracha sin is ábhar imní don Aontas a fuair na Ballstáit a bheith leata go fairsing ar a gcríoch, ionas go ndéanfar a dtionchar ar bhithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais, ar shláinte an duine agus ar an ngeilleagar a íoslaghdú. Bunófar na bearta bainistíochta sin ar anailís ar chostais agus ar shochair agus áiritheoidh siad freisin na bearta um athchóiriú dá dtagraítear in Airteagal 18.

2. Ar na bearta bainistíochta beidh bearta fisiceacha, ceimiceacha nó bitheolaíocha atá dírithe ar líon de speiceas coimhthíoch ionrach a dhíothú, a smachtú nó a shrianadh. Nuair is iomchuí, ar na bearta bainistíochta beidh bearta a chuirfear i bhfeidhm ar an éiceachóras agus a bheidh dírithe ar a athléimneacht in aghaidh ionraí reatha agus ionraí amach anseo a mhéadú.

3. Agus bearta bainistíochta á gcur i bhfeidhm acu, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh na modhanna a úsáidtear aird chuí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol agus, nuair is ar ainmhithe a dhírítear, go spárálfar ar aon phian, anacra nó fulaingt atá inseachanta.

4. Ceapfar agus úsáidfear an córas faireachais dá bhforáiltear in Airteagal 12 chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá díothú, rialú ar líon nó bearta srianta chun an tionchar ar bhithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais, ar shláinte an duine nó ar an ngeilleagar a íoslaghdú.

5. I gcás ina bhfuil baol suntasach go leathfaidh speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas chuig Ballstát comharsanachta, tabharfaidh na Ballstáit ina bhfuil an speiceas leata go fairsing fógra láithreach do na Ballstáit chomharsanachta agus don Choimisiún. Nuair is iomchuí, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann bearta bainistíochta atá aontaithe go comhpháirteach a bhunú. Sna cásanna ina bhféadfadh tríú tíortha dul faoi thionchar an leata, breithneoidh an Ballstát lena mbaineann an gá na tríú tíortha lena mbaineann a chur ar an eolas.

Airteagal 18
Athchóiriú na n-éiceachóras damáistithe

1. Déanfaidh na Ballstáit bearta um athchóiriú comhréireach chun cabhrú le téarnamh éiceachórais a bhí díghrádaithe, damáistithe nó scriosta ag speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas.

2. Ar na bearta um athchóiriú dá dtagraítear i mír 1, beidh ar a laghad an méid seo a leanas:

   (a) bearta chun cur le cumas éiceachórais atá ar a ris do shuaitheadh seasamh in aghaidh thionchar an tsuaite, é a ionsú, dul in oiriúint dó agus téarnamh uaidh;

   (b) bearta a ráthaíonn go gcoscfar athionradh tar éis feachtais um dhíothú.

CAIBIDIL V
FORÁLACHA DEIRIDH

Airteagal 19
Tuairisciú

1. Faoin [*trí bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo - an dáta le cur isteach*] ar a dhéanaí, agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún faisnéis nuashonraithe ar an méid seo a leanas:

   (a) tuairisc ar an gcóras faireachais de bhun Airteagal 12 agus ar an gcóras um rialú oifigiúil ar speicis choimhthíocha a thagann isteach san Aontas de bhun Airteagal 13;

(b) dáileadh an speicis choimhthíoch ionraigh is ábhar imní don Aontas ina gcríoch;

(c) faisnéis faoi na speicis a mheastar mar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní do na Ballstáit de bhun an dara fomhír d'Airteagal 10 (1);

(d) an plean gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 11(2);

(e) faisnéis chomhiomlán a chumhdaíonn an chríoch náisiúnta iomlán ar na bearta um dhíothú a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 agus na bearta bainistíochta dá bhforáiltear in Airteagal 17 agus a n-éifeachtacht.

(f) formáid na gceadanna dá dtagraítear in Airteagal 8.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus cuirfidh siad na Ballstáit eile ar an eolas faoi na húdaráis inniúla atá i gceannas ar an Rialachán seo a chur chun feidhme.

3. Laistigh de 5 bliana ó [*dháta a ghlactha*], déanfaidh an Coimisiún measúnú ar éifeachtacht an Rialacháin seo lena n-áirítear an liosta dá dtagraítear in Airteagal 4(1), na pleananna gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 11(3), an córas faireachais, seiceálacha teorann, an oibleagáid um dhíothú agus na hoibleagáidí bainistíochta, agus cuirfidh siad tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle a bhféadfadh moltaí dá leasú a bheith ag gabháil léi, lena n-áirítear athruithe ar an liosta atá in Airteagal 4(1).

Airteagal 20
Sásra tacaíochta faisnéise

1. Déanfaidh an Coimisiún de réir a chéile an sásra tacaíochta faisnéise is gá a bhunú chun an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm.

2. Sa chéim thosaigh áireofar sa chóras sásra tacaíochta sonraí a idirnascfaidh na córais sonraí atá ann cheana maidir le speicis choimhthíocha ionracha, agus tabharfar aird ar leith ar fhaisnéis ar na speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas chun an tuairisciú de bhun Airteagal 19 a éascú.

3. Sa dara céim, uirlis a bheidh sa sásra tacaíochta sonraí dá dtagraítear i mír 2 chun cabhrú leis an gCoimisiún chun na fógraí ábhartha a cheanglaítear in Airteagal 14 (2) a láimhseáil.

4. Sa tríú céim, sásra a bheidh sa sásra tacaíochta sonraí dá dtagraítear i mír 2 chun eolas maidir le gnéithe eile den Rialachán seo a mhalartú.

Airteagal 21
Rannpháirtíocht an phobail

1. I gcás ina mbíonn pleananna gníomhaíochta á mbunú de bhun Airteagal 11 agus ina mbíonn bearta á mbunú de bhun Airteagal 17, áiritheoidh na Ballstáit go

dtabharfar deiseanna luatha, éifeachtacha don phobal a bheith rannpháirteach in ullmhú, modhnú nó athbhreithniú na mbeart sin, ag baint úsáide as na socruithe a chinn na Ballstáit cheana féin, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 2 (3) de Threoir 2003/35/CE.

Airteagal 22
Coiste

1. Beidh an Coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa Choiste sin[23].

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 23
An tarmligean a fheidhmiú

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 5 (1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 5(1) a chúlghairm tráth ar bith. Cuirfidh an cinneadh maidir le cúlghairm deireadh le tarmligean na cumhachta a shonrófar ann. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontas Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí arna shonrú sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an dara fomhír d'Airteagal 5(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag an bParlaimint nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle nó más rud é, roimh an tréimhse éaga, go mbeidh curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

[23] IO L 55, 28.02.2011, lch. 13.

Airteagal 24

Bearta riaracháin agus smachtbhannaí

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha maidir le bearta riaracháin agus na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos. Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go ndéanfar iad a chur i bhfeidhm. Ní mór na bearta agus na smachtbhannaí dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Airteagal 25

Cumhachtaí smachtbhannaí

1. Beidh ag na húdaráis inniúla an chumhacht bearta riaracháin agus smachtbhannaí a fhorchur ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach nach gcomhlíonann an Rialachán seo.

2. Gan dochar dá gcumhachtaí maoirseachta, beidh ag údaráis inniúla an chumhacht na bearta riaracháin agus smachtbhannaí seo a leanas ar a laghad a fhorchur:

   (a) ordú a cheanglaíonn ar an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as an sárú scor den iompar atá i gceist agus gan a bheith ag gabháil don iompar sin arís;

   (b) ordú a cheanglaíonn na speicis choimhthíocha ionracha neamh-chomhlíontacha is ábhar imní don Aontas a choigistiú ag an bpointe eisiúna ;

   (c) cosc sealadach ar ghníomhaíocht;

   (d) tarraingt siar bhuan ar údarú na gníomhaíochta;

   (e) smachtbhannaí airgid riaracháin;

   (f) ordú a cheanglaíonn ar an duine nádúrtha nó dlítheanach bearta feabhais a ghlacadh.

3. Agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le cineál na mbeart riaracháin agus na smachtbhannaí, cuirfidh údaráis inniúla gach cúinse ábhartha san áireamh, lena n-áirítear:

   (a) a thromchúisí atá an sárú, agus fad an tsáraithe;

   (b) a mhéid a bhí an duine atá freagrach as an ionradh bainteach leis;

   (c) an brabús a rinne an duine nádúrtha nó dlítheanach as an sárú;

   (d) an damáiste a rinneadh don chomhshaol, agus an damáiste sóisialta agus eacnamaíoch de dheasca an tsáraithe;

   (e) leibhéal comhair an duine fhreagraigh leis an údarás inniúil;

   (f) sáruithe a rinne an duine atá freagrach roimhe sin.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil cinntí arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla i gcomhréir leis an Airteagal seo faoi réir an chirt chun achomharc.

Airteagal 26

Forálacha idirthréimhseacha le haghaidh úinéirí neamh-thráchtála

1. De mhaolú ar Airteagal 7(c) agus (f), úinéirí na n-ainmhithe coimhdeachta nach mbíonn á gcoinneáil chun críocha tráchtála agus a bhaineann leis na speicis atá ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 4(1), ba cheart go gceadófaí iad a choinneáil go dtí deireadh saoil nádúrtha na n-ainmhithe sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

   (a) go raibh na heiseamail á gcoinneáil sular cuireadh ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 4 (1) iad;

   (b) go gcoinnítear na heiseamail faoi choinneáil shrianta agus go gcuirtear gach beart iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú nach féidir leo atáirgeadh ná éalú.

2. Cuirfidh na húdaráis inniúla úinéirí neamhthráchtála ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann leis na heiseamail dá dtagraítear i mír 1 a choimeád agus faoi na bearta a bheidh le déanamh chun an riosca atáirgeadh agus éalú a íoslaghdú trí bhíthin clár oideachais agus clár um ardú feasachta a eagróidh na Ballstáit.

3. Maidir le húinéirí neamhthráchtála nach féidir leo a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha atá leagtha amach i mír 1, tabharfaidh na Ballstáit deis dóibh go dtógfaí a n-eiseamail ar láimh uathu agus tabharfaidh siad aird chuí ar leas na n-ainmhithe agus iad á láimhseáil.

Airteagal 27

Forálacha idirthréimhseacha maidir le stoic tráchtála

1. Coimeádaithe stoic tráchtála d'eiseamail de speicis choimhthíocha ionracha a fuarthas sular cuireadh ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) iad, ceadófar suas go dhá bhliain dóibh tar éis na speicis a chur ar an liosta sin eiseamail bheo nó codanna inatáirgthe na speiceas sin a choimeád agus a iompar d'fhonn iad a dhíol nó a thabhairt de láimh do na hinstitiúidí taighde nó caomhnaithe *ex-situ* dá dtagraítear in Airteagal 8, ar choinníoll go gcoinnítear agus go n-iompraítear na heiseamail faoi choinneáil shrianta agus go gcuirtear gach beart iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú nach féidir leo atáirgeadh ná éalú, nó chun iad a mharú chun a stoc a dhísciú.

2. I gcás inar eisíodh cead i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán 708/2007 le haghaidh speicis dhobharshaothraithe a chuirtear ina dhiaidh sin ar liosta na speiceas coimhthíoch is ábhar imní don Aontas, agus go dtéann tréimhse an cheada thar an tréimhse dá dtagraítear i mír 1, tarraingeoidh an Ballstát an cead siar i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán 708/2007 faoi dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 28
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an [*1 Eanáir nó 1 Iúil*] tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

Ráiteas Airgeadais Simplithe

TEIDEAL AN DRÉACHTCHINNIDH:

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú.

RÉIMSÍ BEARTAIS AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ ABB LENA MBAINEANN:

Teideal 07 Comhshaol

07 01 02 Foireann sheachtrach agus caiteachas bainistíochta eile a thacaíonn le réimse beartais comhshaoil

BUNÚS DLÍ

☐ Neamhspleáchais riaracháin X Eile: Airteagal 192(1) CFAE.

TUAIRISC AGUS FORAS:

Speicis choimhthíocha ionracha (SCInna), is ea speicis a iompraítear thar theorainneacha éiceolaíocha, go beartaithe nó go neamhbheartaithe de thoradh ghníomhaíocht an duine, taobh amuigh dá ndáileachán nádúrtha agus a bhunaíonn iad féin agus a leathann ina suíomh nua an oiread sin go mbíonn tionchar diúltach acu ar bhithéagsúlacht, ach freisin ar shláinte an duine agus ar an ngeilleagar. Tá SCInna ina gcúis mhór le caillteanas bithéagsúlachta, seachas damáiste sóisialta agus eacnamaíoch a dhéanamh, agus is ríthábhachtach dul i ngleic leo chun sprioc an AE stop a chur le caillteanas na bithéagsúlachta faoi 2020 a bhaint amach. Ina theannta sin, meastar go gcosnaíonn SCInna EUR 12 bhilliún sa bhliain ar an AE i dtéarmaí costas damáiste agus rialaithe. Is é is cuspóir leis an dréacht-Rialachán seo, dá bhrí sin, creat AE a bhunú le tionchar diúltach SCInna ar bhithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais a chosc, a íoslaghdú agus a mhaolú agus féachaint le damáiste sóisialta agus eacnamaíoch a mhaolú. Tá na Ballstáit ag déanamh roinnt beart chun dul i ngleic leis na SCInna cheana, ach bíonn na bearta frithghníomhach den chuid is mó, agus féachann siad leis an damáiste a tharla cheana féin a íoslaghdú gan dóthain airde a thabhairt ar chosc nó ar bhagairtí nua a bhrath agus a fhreagairt. Bíonn na hiarrachtaí ilroinnte, ní chumhdaíonn siad an AE ar fad agus is minic droch-chomhordú orthu, rud a chiallaíonn go laghdaítear a n-éifeachtacht fhoriomlán. Faoi láthair níl aon creat dlí cuimsitheach ann le dul i ngleic le SCInna ar leibhéal an AE. Tá faoin dréacht-Rialachán seo dul i ngleic leis an mbearna sin sa bheartas, ag teacht chomh maith lena ghealltanais idirnáisiúnta faoin gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch.

AN FAD AGUS AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH ANN:

Tréimhse ina mbeidh sé i bhfeidhm:

☐ Cinneadh a bheidh i bhfeidhm ar feadh tréimhse teoranta: cinneadh a bheidh i bhfeidhm ón [*dáta*] go [*dáta*]

X Cinneadh a bheidh i bhfeidhm ar feadh tréimhse éiginnte: i bhfeidhm ó [*réamh-mheas 2015 le deimhniú]*

An tionchar buiséadach a mheastar a bheidh ann:

Cuimsíonn an dréacht-chinneadh:

☐ coigiltis

X costais bhreise (más ann dóibh, sonraigh ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil lena mbaineann): Ceannteideal 5 den CAI 2014-2020

Ranníocaíochtaí tríú páirtí leis an dréacht-chinneadh a mhaoiniú:

Ní dhéantar foráil sa togra maidir le cómhaoiniú a dhéanann tríú páirtithe

Míniúchán ar fhigiúirí:

Beidh Coiste ag teastáil chun gnéithe den dréacht-Rialachán seo a chur chun feidhme. Ar bhonn na gcostas a bhaineann le reáchtáil Coistí eile dá samhail, meastar na costais seo a leanas faoin gceannteideal 07 01 02 11 03 - Coistí (féach an tábla thíos):

- cruinnithe / bliain

- 1 ionadaí / BS

- costas taistil agus cothaithe uasta de EUR 800 / BS / cruinniú

Costas don Choimisiún de thart ar EUR 80 000 sa bhliain a bheadh ansin.

COMHOIRIÚNACHT DON CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL REATHA:

X Tá an togra comhoiriúnach don chlár airgeadais reatha.

☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra seo.

☐ Éilíonn an togra go n-úsáifear an ionstraim sholúbthachta nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil [24].

TIONCHAR COIGILTIS NÓ COSTAS BREISE AR LEITHDHÁILEADH ACMHAINNÍ:

☐ Acmhainní atá le fáil trí ath-imlonnú inmheánach laistigh de ranna

X Acmhainní atá leithdháilte cheana féin ar na ranna lena mbaineann

☐ Acmhainní le hiarraidh i rith an chéad nós imeachta leithdháilte eile

[24] Féach pointí 19 agus 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach don tréimhse 2007-2013.

Soláthrófar na hacmhainní daonna agus riaracháin is gá le foireann ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoin gcúram cheana féin, le tacaíocht ó fhoireann atá imlonnaithe cheana féin le bheith ag obair ar ghnéithe a bhaineann le cur chun feidhme an dréacht-Rialacháin seo. Is iad seo príomhchúraimí na n-oifigeach sannta: bainistiú an Choiste, bainistiú ar an idirghníomhú leis na Ballstáit, comhordú a dhéanamh leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) agus tacú le cur chun feidhme ceart an dréacht-Rialacháin seo i gcoitinne.

Tá an córas ceaptha chun acmhainní agus saineolas ó sheirbhísí éagsúla de chuid an Choimisiúin a chomhthiomsú, rud a chumasóidh reáchtáil an chórais le hacmhainní foirne tiomnaithe teoranta: go háirithe, bainfidh an beartas maidir le SCInna leas as an obair atá ar siúl ag foireann an JRC atá páirteach sa tionscadal EASIN [25], chomh maith le saineolas fhoireann na seirbhísí agus na ngníomhaireachtaí eile de chuid an Choimisiúin atá ag obair i réimsí a bhaineann le SCInna (go háirithe, tá foireann thiomanta ag an nGníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach atá ag obair ar SCInna agus a bheidh le slógadh chun tacú leis an obair ar chur chun feidhme). Más gá, athimlonnófar an fhoireann ar bhonn an leithdháilte a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha atá ann cheana.

[25] Tá sé mar aidhm ag an Líonra Eorpach um Fhaisnéis faoi Speicis Choimhthíocha (EASIN) rochtain ar shonraí agus ar fhaisnéis maidir le speicis choimhthíocha san Eoraip a mhéadú. Éascaíonn EASIN iniúchadh faisnéise speicis choimhthíocha atá ann cheana féin ó fhoinsí dáilte trí líonra de sheirbhísí gréasáin idir-inoibritheacha, a leanann caighdeáin agus prótacail a aithnítear go hidirnáisiúnta. Cuireadh tús leis an tionscadal chun tacú le cur chun feidhme na Straitéise Bithéagsúlachta agus an Creat-Treoirum Straitéis Mhuirí agus tá sé ar fáil don phobal ó Bealtaine 2012.

TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH ANN (coigiltis nó costais bhreise) LE hAGHAIDH LEITHREASUITHE DE CHINEÁL RIARACHÁIN NÓ LE hAGHAIDH ACMHAINNÍ DAONNA

FTE=Coibhéis lánaimseartha *EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)*

FTE i ndaoine/i mblianta	Bliain 2015		Bliain 2016		Bliain 2017		Bliain 2018		Bliain 2019		Bliain 2020		Bliain 2021		**Iomlán**
Teideal 5	FTE	leithr.	FTE	leithr.	FTE	leithr.	FTE	leithr.	FTE	leithr.	FTE	leithr.	FTE	leithr.	
Poist an phlean bunaíochta (oifigigh agus/nó foireann shealadach)															
07 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)		0.199*		0.199		0.199		0.199		0.199		0.199		0.199	**1.393**
07 01 01 02 (Toscaireachtaí)															
Foireann sheachtrach															
07 01 02 01 ('Clúdach iomlánaíoch')		0.002**		0.002		0.002		0.002		0.002		0.002		0.002	**0.014**
07 01 02 02 (Toscaireachtaí)															
Línte buiséid eile (sonraigh)															
Fo-iomlán – Teideal 5		0.201		0.201		0.201		0.201		0.201		0.201		0.201	**1.407**
Lasmuigh de Theideal 5															
Poist an phlean bunaíochta (oifigigh agus/nó foireann shealadach)															
07 01 05 01 (Taighde indíreach)															
10 01 05 01 (Taighde díreach)															
Foireann sheachtrach															
07 01 04															
Ceanncheathrú															
Toscaireachtaí															
07 01 05 02 (Taighde indíreach)															
10 01 05 02 (Taighde díreach)															
Línte buiséid eile (*Sonraigh*)															
Fo-iomlán – Lasmuigh de Theideal 5															
IOMLÁN		0.201		0.201		0.201		0.201		0.201		0.201		0.2014	**1.407 do na chéad 7 mbliana**

"Comhlíonfar na riachtanais acmhainní daonna trí fhoireann ón Ard-Stiúrthóireacht **a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina cúram cheana** agus/nó atá ath-imlonnaithe taobh istigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha."

* San áireamh sa leithreasú measta tá foirne ó DG ENV chomh maith le FTE amháin sa JRC ** Meánliúntas do END

Leithreasuithe riaracháin eile *EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)*

	Bliain 2015	Bliain 2016	Bliain 2017	Bliain 2018	Bliain 2019	Bliain 2020	Bliain 2021	IOMLÁN
Teideal 5								
Ceanncheathrú:								
07 01 02 11 01 – Costais misin agus ionadaíochta								
07 01 02 11 02 – Costais chomhdhála agus cruinnithe								
07 01 02 11 03 – Coistí	0.08	0.08	0.08	0.08	0.08	0.08	0.08	**0.56 do na chéad 7 mbliana**
07 01 02 11 04 – Staidéir agus comhairliúcháin								
07 01 03 01 03 – Trealamh TFC[26]								
07 01 03 01 04 – Seirbhísí TFC[2]								
Línte buiséid eile *(sonraigh nuair is gá)*								
Toscaireachtaí:								
07 01 02 12 01 – Costais misean, comhdhálacha agus ionadaíochta								
07 01 02 12 02 – Breis oiliúna foirne								
07 01 03 02 01 – Caiteachas éadála, ligean ar cíos agus gaolmhar								
07 01 03 02 02 Trealamh, troscán, soláthairtí agus seirbhísí								
Fo-iomlán – Teideal 5	0.08	0.08	0.08	0.08	0.08	0.08	0.08	**0.56 do na chéad 7 mbliana**
Lasmuigh de Theideal 5								
07 01 04 yy – Caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin (gan foireann sheachtrach san áireamh) ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochta (seanlínte "BA")								
Ceanncheathrú								
- Toscaireachtaí								
07 01 05 03 – Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh taighde indírigh								
10 01 05 03 – Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh taighde dhírigh								
Línte buiséid eile *(sonraigh nuair is gá)*								

[26] TFC: Teicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide

Fo-iomlán – Lasmuigh de Theideal 5								
MÓRIOMLÁN	0.08	0.08	0.08	0.08	0.08	0.08	0.08	**0.56 do na chéad 7 mbliana**